
An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí

Legal Services Regulatory Authority






# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2025

NEAMHSPLEÁCHAS | NUÁLAÍOCHT | COSAINT DO THOMHALTÓIRÍ | TRÉDHEARCACHT AGUS CUNTASACHT

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Legal Services Regulatory Authority

## Fís


Leas an phobail agus leasanna tomhaltóirí seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn agus, ag an am céanna, gairm dlí atá neamhspleách, láidir agus iomaíoch agus a chloíonn le hardchaighdeáin ghairmiúlachta agus ionracais a spreagadh.

## Misean

An soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin a chothabháil agus a fheabhsú sa dóigh a soláthraítear seirbhísí dlí sa Stát.

# Luachanna ÚRSD

Is iad bunluachanna a threoraíonn obair ÚRSD mar chomhlacht seirbhíse poiblí:




## Tuarascáil Bhliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

Déantar an Tuarascáil Bhliantúil seo ar chomhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis sa bhliain 2025 chuig an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus chuig an gComhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart de réir alt 21(1) den Acht. Cumhdaítear leis an tuarascáil seo an tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025.

Faoi alt 21(1) den Acht, ní mór an Tuarascáil Bhliantúil seo a dhéanamh tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain. Is í seo an deichiú Tuarascáil Bhliantúil ó ÚRSD.

GLUAIS NA bPRÍOMHTHÉARMAÍ

# Gluais

## Forais ghearáin faoin Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015

### Seirbhísí neamhdhóthanacha dlí
Gearán á rá nár chomhlíon na seirbhísí dlí a soláthraíodh an caighdeán a mbeifí ag súil leis go réasúnach ó dhlí-chleachtóir.

### Costais iomarcacha
Gearán á rá go bhfuil na costais a iarradh i leith seirbhísí dlí iomarcach, agus aird á tabhairt ar chineál agus castacht na hoibre atá i gceist.

### Mí-iompar
Gearán á rá gurb ionann gníomh nó neamhghníomh ag dlí-chleachtóir agus mí-iompar faoin Acht. Áirítear le mí-iompar nithe amhail calaois nó mímhacántacht, iompar ar dóigh dó míchlú a tharraingt ar an ngairm, nó mainneachtainí tromchúiseacha maidir le caighdeáin ghairmiúla mar a mhínítear sa reachtaíocht.

## An próiseas gearán

### Gearán measctha
Gearán ina bhfuil níos mó ná ceann amháin de na trí fhoras reachtúla thuas.

### Gearán inghlactha
Gearán ar rud é, tar éis measúnú a dhéanamh air de réir critéir reachtúla, gur féidir linn é a chur chun cinn (i.e., is féidir linn é a imscrúdú agus/nó cinneadh a dhéanamh ina leith).

### Gearán neamh-inghlactha
Gearán ar rud é, tar éis measúnú a dhéanamh air de réir critéir reachtúla, nach féidir linn é a thabhairt ar aghaidh (i.e., ní féidir linn é a imscrúdú agus/nó cinneadh a dhéanamh ina leith).

### An Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT)
Comhlacht reachtúil neamhspleách a éisteann gearáin mhí-iompair áirithe a tharchuirtear chuige agus a bhfuil sé de chumhacht aige smachtbhannaí a fhorchur.

## Rialáil agus clárúchán

### Comhpháirtíocht Dliteanais Theoranta (CDT)
Struchtúr gnó lena gcuirtear ar chumas dlí-chleachtóirí atá i gcomhpháirtíocht a ndliteanas pearsanta a laghdú in imthosca áirithe, faoi réir coinníollacha reachtúla.

# Clár Ábhar

CLÁR ÁBHAR


## 1. Réamhrá

Ich - 6 Cé sinn
Ich - 7 Na nithe a dhéanaimid
Ich - 8 Ár gcuspóirí
Ich - 9 Plean Straitéiseach 2022-2025
Ich - 10 Brollach ón gCathaoirleach
Ich - 12 Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin
Ich - 14 2025 ar sracfhéachaint

## 2. Conas a Rialálaimid

Ich - 16 Gearáin: imscrúdú agus réiteach
Ich - 31 Seirbhísí dlí a sholáthar: tobhach agus clárúchán

## 3. Conas a Dhéanaimid Caidreamh agus a Nuálaimid

Ich - 38 Taighde: oideachas agus cuimsiú
Ich - 44 Cumarsáid: caidreamh agus feasacht

## 4. Rialachas agus Bainistíocht

Ich - 50 Comhaltaí den Údarás agus a gcomhlachtaí ainmniúcháin
Ich - 56 Struchtúr an Údaráis
Ich - 58 Gníomhaíochtaí an Údaráis
Ich - 64 Socruithe Rialachais
Ich - 74 Forbairtí Eagraíochta
Ich - 80 An Coiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta, 2025
Ich - 82 An Fhoireann Ardbhainistíochta

## Aguisín 1

Ich - 86 Príomhghníomhaíochtaí sa bhliain 2025

# 1. Réamhrá



## Cé sinn

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (ÚRSD) an 1 Deireadh Fómhair 2016 faoi Chuid 2 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (an tAcht).

Tá an tÚdarás comhdhéanta de 11 chomhalta arna gceapadh de réir alt 9 den Acht. Ceapann an Rialtas na comhaltaí den Údarás tar éis ainmniúcháin a fháil ó na deich n-eagraíocht seo a leanas:

- An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- An tÚdarás um Ard-Oideachas
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
- Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
- Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí
- Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann
- Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann anois)
- An Bord um Chúnamh Dlíthiúil
- Cumann Onórach Óstaí an Rí
- Dlí-Chumann na hÉireann




Ainmníonn gach comhlacht ainmniúcháin duine amháin lena cheapadh nó lena ceapadh chuig an Údarás, cé is moite den Dlí-Chumann, a cheapann beirt lena gceapadh. Dearadh an próiseas ainmniúcháin sin chun neamhspleáchas an Údaráis a chinntiú agus, ag an am céanna, cothromaíocht inscne agus leasanna a bhaint amach idir dlí-chleachtóirí agus tomhaltóirí. Tá móramh agus cathaoirleach tuata ag an Údarás. Faoin Acht, ceanglaítear ar an Údarás bheith neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Le linn dó duine a cheapadh mar chomhalta den Údarás, ní mór gur deimhin leis an Rialtas go bhfuil eolas agus saineolas aige nó aici ar cheann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas:

RÉAMHRÁ

- seirbhísí dlí a sholáthar
- an t-oideachas dlí agus an oiliúint dlí
- an dlí iomaíochta agus an beartas iomaíochta
- caighdeáin a chothabháil i ngairmeacha a ndéanann comhlacht reachtúil rialáil orthu
- déileáil le gearáin i gcoinne comhaltaí de na gairmeacha arna rialáil ag comhlacht reachtúil
- nithe gnó agus tráchtála
- na riachtanais atá ag tomhaltóirí seirbhísí dlí.

Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Rúnaí don Údarás agus foireann ÚRSD a chuireann feidhm feidhmiúcháin ÚRSD i gcrích. Ba é an Dr Brian Doherty a bhí i mbun phost an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin go dtí gur éirigh sé as an bpost an 12 Meán Fómhair 2025. Ceapadh Tony Watson, an Ceann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach, mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach an 15 Meán Fómhair 2025 fad is a bhí an próiseas earcaíochta le haghaidh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin buan á chur i gcrích. Táthar ag súil go rachaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nuacheaptha i mbun an phoist i mí an Mhárta 2026. Is é Ultan Ryan an Rúnaí don Údarás.

Sa tuarascáil seo, tagraíonn “muid/sinn” don Údarás Rialála Seirbhísí Dlí mar eagraíocht, lena n-áirítear a choiste feidhmiúcháin agus a fhoireann, mura dtugann an comhthéacs a mhalairt le fios.

# Na nithe a dhéanaimid

Déanaimid soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus oibrímid chun a chinntiú go ndéanfar caighdeáin maidir le soláthar na seirbhísí sin sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú.

Tá feidhmeanna ÚRSD leagtha amach faoi alt 13 den Acht. Tá siad sin mar a leanas:

1. Soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin maidir le soláthar na seirbhísí sin sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú
2. Na nithe seo a leanas a choimeád faoi athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh don Aire ina leith:

   i. na ceanglais maidir le glacadh atá ag an Dlí-Chumann, ag Comhairle an Bharra agus ag Cumann Onórach Óstaí an Rí

   ii. infhaighteacht agus cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear oiliúint leanúnach le haghaidh ghairmeacha na n-aturnaetha agus na n-abhcóidí

   iii. na beartais atá i bhfeidhm ag an Dlí-Chumann, ag Comhairle an Bharra agus ag Cumann Onórach Óstaí an Rí i dtaca leis an iontráil agus/nó an teidlíocht chun cleachtadh

RÉAMHRÁ

iv. cóid ghairmiúla

v. an dóigh a n-eagraítear an soláthar seirbhísí dlí sa Stát

3. Faisnéis a scaipeadh maidir leis na ceanglais oideachais agus chreidiúnaithe agus na nithe eile dá dtagraítear thuas a mhéid is cuí leis an Údarás.

4. An cineál agus na leibhéil íosta árachais slánaíochta gairmiúla a shonrú de réir an Achta.

5. Córas imscrúdaithe ar dhlí-chleachtóirí a bhunú agus a riar chun críocha an Achta.

6. Gearáin i gcoinne dlí-chleachtóirí a ghlacadh agus a imscrúdú.

7. Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a Chothabháil.

8. Feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal i ndáil le seirbhísí dlí, lena n-áirítear costas na seirbhísí sin.

9. An tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí maidir le soláthar seirbhísí dlí agus moltaí a dhéanamh chun cuidiú leis an Aire chun beartas a chomhordú agus a fhorbairt.

10. Taighde agus gníomhaíochtaí eile maidir le soláthar seirbhísí dlí a ghabháil de láimh, a choimisiúnú, nó cúnamh a thabhairt ina leith, is taighde agus gníomhaíochtaí eile a fhéadfaidh feabhsú ar chaighdeáin le haghaidh sholáthar na seirbhísí sin agus feasacht an phobail ina dtaobh a chur chun cinn, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire.

11. Aon fheidhmeanna eile a thugtar dó leis an Acht nó le rialacháin arna ndéanamh faoin Acht a chomhlíonadh.

## Ár gcuspóirí

Leagtar amach san Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, sé chuspóir reachtúla de chuid an Údaráis.

1. Leas an phobail a chosaint agus a chur chun cinn.

2. Tacú le riar cuí éifeachtach an cheartais.

3. Leasanna tomhaltóirí a bhaineann leis an soláthar seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn.

4. Iomaíocht a chur chun cinn sa soláthar seirbhísí dlí sa Stát.

5. Gairm dlí atá neamhspleách, láidir agus éifeachtach a spreagadh.

6. Comhall na bprionsabal gairmiúil do dhlí-chleachtóirí a shonraítear san Acht a chur chun cinn agus a chothabháil.

RÉAMHRÁ

# Plean Straitéiseach 2022-2025

Sa *Phlean Straitéiseach 2022-2025*, leagtar trí thosaíocht straitéiseacha síos do ÚRSD. Sa tuarascáil seo, leagtar amach conas a chuireamar na tosaíochtaí sin chun cinn le linn na bliana 2025.



## Tosaíocht Straitéiseach a hAon

### Éifeachtúlacht oibríochtúil agus soláthar seirbhíse a fheabhsú

Breiseoimid éifeachtúlacht oibriúcháin chun ár gcroífheidhmeanna rialála agus ár gcroísheirbhísí rialála a sholáthar ar bhealach éifeachtach neamhspleách agus de réir caighdeáin shainaitheanta thagarmharcáilte

## Tosaíocht Straitéiseach a Dó

### Caighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn agus nuálaíocht a spreagadh

Cuirfimid caighdeáin ghairmiúla chun cinn agus spreagfaimid nuálaíocht agus dul chun cinn san oideachas agus san oiliúint, i samhlacha gnó um chleachtas dlí, i nglacadh sa ghairm dlí, sa rochtain ar cheartas agus i gcosaint tomhaltóirí.

## Tosaíocht Straitéiseach a Trí

### Feasacht a mhéadú trí chumarsáid agus trí chaidreamh

Cuirfimid feabhas ar an bhfeasacht ar ghníomhaíochtaí agus seirbhísí rialála ÚRSD agus ar shaincheisteanna eile atá ábhartha don earnáil seirbhísí dlí trí chumarsáid bhreisithe agus caidreamh breisithe leis an bpobal, le dlí-chleachtóirí agus le geallsealbhóirí eile.

Tá na tosaíochtaí straitéiseacha seo mar bhonn agus thaca ag ár gcuid oibre sna réimsí seo a leanas:

- Gearáin, Imscrúduithe agus Réitigh
- Seirbhísí Dlí, Tobhach agus Clárúchán
- Taighde agus Tuairisciú
- Cumarsáid agus Caidreamh
- Rialachas agus Bainistíocht

RÉAMHRÁ

# Brollach ón gCathaoirleach



Is pléisiúr dom Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí don bhliain 2025 a chur i láthair.

Le linn na bliana, lean ÚRSD lena chuid oibre mar rialálaí neamhspleách ar sheirbhísí dlí a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, agus é ag tacú le muinín as riaradh an cheartais. Léirítear san obair atá leagtha amach sa tuarascáil seo rialachas agus formhaoirseacht an Údaráis, agus tiomantas agus gairmiúlacht bhaill foirne feidhmiúcháin ÚRSD agus iad ag comhlíonadh feidhmeanna reachtúla na heagraíochta.

Bhí an bhliain 2025 ina bliain inar cuireadh obair i gcrích go leanúnach ar fud phríomhréimsí gníomhaíochta ÚRSD. Lean an tÚdarás d'fhormhaoirseacht a dhéanamh ar thimpeallacht rialála a bhíonn ag méadú i gcónaí ó thaobh scála agus castachta de, agus á chinntiú ag an am céanna go raibh na córais agus na próisis láidir, comhréireach agus freagrúil i gcónaí. Go háirithe, bhí láimhseáil gearán, cur chun cinn caighdeán gairmiúil, agus soláthar faisnéise soiléire inrochtana don phobal fós ina gcuid lárnach d'obair ÚRSD le linn na bliana.

Rinne an tÚdarás formhaoirseacht freisin ar thréimhse aistrithe eagraíochtúil sa bhliain 2025. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don rannchuidiú a rinne an Dr Brian Doherty, a d'éirigh as a phost mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin i mí Mheán Fómhair 2025 tar éis ocht mbliana a chaitheamh i gceannas ar an eagraíocht, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Tony Watson as a mhaoirseacht i ról an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Eatramhaigh. Ba shaintréithe den tréimhse sin iad ceannaireacht leantach agus díriú soiléir ar chobhsaíocht oibríochtúil agus soláthar éifeachtach a chothabháil.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do dhíograis agus gairmiúlacht bhaill foirne ÚRSD, a bhfuil a gcuid oibre ríthábhachtach maidir le cumas na heagraíochta an ról reachtúil atá aici a chomhlíonadh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na comhaltaí eile den Údarás as a dtiomantas leantach agus as a gcaidreamh leantach ar fud na bliana.

Sa tuarascáil seo, tugtar cuntas soiléir ar an obair a rinneadh le linn na bliana 2025 agus ar na tosaíochtaí agus na prionsabail rialála lena dtreoraítear gníomhaíochtaí ÚRSD, agus é ag ullmhú freisin dá *Phlean Straitéiseach 2025-2028* nua agus ag dul i dtreo a chur chun feidhme.

Thar ceann an Údaráis, tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo ón Údarás Rialála Seirbhísí Dlí a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart de réir alt 21(1) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015.

**Tom Boland**
*Cathaoirleach*
An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí

***Sa tréimhse ghearr ó ceapadh mé, is nithe a chuir iontas orm iad fairsinge an tsainchúraim atá ar ÚRSD, an méid ollmhór atá bainte amach ag an eagraíocht ó bunaíodh í agus ualach oibre dúshlánach leanúnach na heagraíochta.***

RÉAMHRÁ

# Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo an obair a rinne an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí le linn na bliana 2025, agus í ag léiriú bliain inar leanadh d'obair rialála a chur i gcrích agus inar bainistíodh aistriú eagraíochtúil suntasach.

Ar fud na bliana 2025, lean ÚRSD dá fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh i dtimpeallacht dlí a bhíonn ag athrú go mear, ar timpeallacht í a bhfuil éilimh atá ag athrú agus ionchais mhéadaithe ón bpobal mar shaintréithe di. Faoi mar a tharla i mblianta roimhe, dírítear go mór inár gcuid oibre ar ghearáin i gcoinne dlí-chleachtóirí a fháil agus a imscrúdú, ar gearáin iad a bhfuil méadú tagtha ar a líon an athuair. Cé gur lean gearáin ó earnálacha áirithe de bheith le feiceáil sa bhliain 2025, léirítear sa mhéadú foriomlán treocht níos leithne ar fud na hearnála seirbhísí dlí, seachas gníomhaíocht ó aon fhoinse amháin.

Mar aon le láimhseáil gearán, leanann ÚRSD dá fhreagrachtaí rialála níos leithne a chomhlíonadh, lena n-áirítear ar fud ár ngníomhaíochtaí taighde agus tuairiscithe. Soláthraítear leis an obair sin bonn fianaise níos láidre le tuiscint a fháil ar fhorbairtí san earnáil seirbhísí dlí agus le bonn eolais a chur faoi phlé beartais. Dá réir sin, bíonn formhaoirseacht rialála níos dírithe ann mar thoradh air sin, agus cinntítear léi gur féidir linn leanúint de dhíriú ar na réimsí sin a gcreidimid gur féidir linn difear a dhéanamh do thomhaltóirí iontu.

Bhí caidreamh agus feasacht an phobail fós ina réimse tábhachtach dírithe sa bhliain. Mar aon le faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí agus do dhlí-chleachtóirí faoi phróisis rialála, faoi chostais agus faoi oibleagáidí gairmiúla, leag ÚRSD béim mhéadaithe ar an dóigh a gcuirtear faisnéis rialála in iúl, lena n-áirítear úsáid a bhaint as formáidí inrochtana, as samplaí fíorshaoil, agus as léargais a fhaightear ó shonraí gearán. Rannchuideoidh cumarsáid shoiléir agus feasacht mhéadaithe le hiontaoibh agus muinín níos mó a chothú i measc an phobail, agus cinnteoidh siad go n-oibreoidh seirbhísí dlí ar bhealach níos fearr do gach duine.

RÉAMHRÁ

Chomh maith leis sin, ní mór dom tagairt a dhéanamh don obair thábhachtach a rinneadh le linn na bliana maidir leis an tionscadal um Dheireadh a Chur le Bacainní a bhaineann le glacadh sna gairmeacha dlí, agus ní mór dom tagairt a dhéanamh d'fhorbairtí leanúnacha san oideachas dlí agus san oiliúint dlí. Bíonn ról lárnach ag ÚRSD maidir le geallsealbhóirí iomchuí a thabhairt le chéile chun an obair sin a chur chun cinn, agus d'oibrigh sé i ndlúthchomhar le Dlí-Chumann na hÉireann, le Cumann Onórach Óstaí an Rí agus le Barra na hÉireann chun tacú le cur chun feidhme a dhéanamh ar mholtaí a bhfuil sé mar aidhm leo rochtain ar an ngairm dlí a leathnú agus gairm dlí a bheadh níos éagsúla agus níos ionadaíche a chur chun cinn.

Maidir le seirbhísí dlí, ba réimse ar díríodh go leanúnach air sa bhliain 2025 é tíolacadh cónaithe. D'oibrigh ÚRSD i ndlúthchomhar le rialálaithe eile agus le geallsealbhóirí ar bhearta a bhfuil sé mar aidhm leo feabhas a chur ar an bpróiseas tíolactha, agus é mar chuspóir leis sin moilleanna a laghdú agus feabhas a chur ar thorthaí do thomhaltóirí a bhfuil baint acu le maoin a cheannach agus a dhíol.

Ba bhliain aistrithe eagraíochtúil do ÚRSD í an bhliain 2025. Tar éis don Dr Brian Doherty éirí as a phost mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin i mí Mheán Fómhair, ceapadh mise mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach. Le linn na tréimhse sin, bhí sé mar thosaíocht agam leanúnachas na ceannaireachta a chinntiú, cobhsaíocht oibríochtúil a choinneáil ar bun, agus tacú le baill foirne croífheidhmeanna an Údaráis a chomhlíonadh gan aon chur isteach. Táim buíoch de na comhghleacaithe ar fud na heagraíochta as a gcuid gairmiúlachta, inoiriúnaitheachta agus tiomantais ar fud na bliana.

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, léirítear conas a lean ÚRSD de na tosaíochtaí atá leagtha amach sa *Phlean Straitéiseach* uainn a chur chun cinn le linn na bliana 2025, agus sainaithnítear inti freisin réimsí ina bhfuil tuilleadh forbartha agus feabhais ag teastáil. Tá an obair atá leagtha amach anseo ina bunús oibríochtúil agus eagraíochtúil láidir de réir mar a ullmhaíonn an eagraíocht don chéad chéim eile dá forbairt straitéiseach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Údarás as a chuid formhaoirseachta agus tacaíochta, agus aitheantas a thabhairt do dhúthracht bhaill foirne ÚRSD, a bhfuil a gcuid oibre mar bhonn agus thaca ag rialáil éifeachtach na seirbhísí dlí ar mhaithe le leas an phobail.

**Tony Watson**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach*
An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí

> ***Tá áthas orm a thuairisciú gurbh amhlaidh, don tríú bliain as a chéile, a bhí méadú ann sa líon iomlán gearán a dúnadh. Dúnadh 1,933 ghearán sa bhliain.***

# 2025 ar sracfhéachaint

**2,831**

CHEANN DE GHLAONNA TEILEAFÓIN AGUS DE RÍOMHPHOIST INAR IARRADH FAISNÉIS AGUS/NÓ FOIRMEACHA GEARÁIN





**1,788**

AN LÍON IOMLÁN GEARÁN A FUARTHAS

**1,699**

AN LÍON GEARÁN A BHAIN LE HATURNAETHA

**89**

AN LÍON GEARÁN A BHAIN LE HABHCÓIDÍ



**1,933**

AN LÍON IOMLÁN GEARÁN A DÚNADH

**496**

AN LÍON GEARÁN A RÉITÍODH

**177**

AN LÍON GEARÁN AR SEASADH LEO

**815**


AN LÍON GEARÁN A CINNEADH A BHEITH NEAMH-INGHLACTHA

AN COISTE UM GHEARÁIN AGUS AN COISTE ATHBHREITHNITHE

**51**

AN LÍON CRUINNITHE





# 3,128

AN LÍON ABHCÓIDÍ AR ROLLA NA nABHCÓIDÍ CLEACHTACHA

**AG DEIREADH NA BLIANA 2025**

## 2,137

AN LÍON ABHCÓIDÍ IS COMHALTAÍ DEN LEABHARLANN DLÍ

## 991

AN LÍON ABHCÓIDÍ A BHÍ AG CLEACHTADH LASMUIGH DEN LEABHARLANN DLÍ



# 34

AN LÍON COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DLITEANAIS THEORANTA (CDTANNA) A ÚDARAÍODH SA BHLIAIN 2025



| 9 | 4 | 3 |
|---|---|---|
| gCINN I mBAILE ÁTHA CLIATH | CINN I gCILL DARA | CINN I gCORCAIGH AGUS I LÚ ARAON |

**482** AN LÍON COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DLITEANAIS THEORANTA A BHÍ TAIFEADTA AR AN GCLÁR COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DLITEANAIS THEORANTA AG DEIREADH NA BLIANA 2025

**541** AN LÍON IOMLÁN CDTANNA A ÚDARAÍODH Ó 2019 I LEITH

## 2,646

AN LÍON LEANTÓIRÍ AR LINKEDIN

MÉADÚ 38% I gCOMPARÁID LEIS AN MBLIAIN SEO CAITE

## 160,142

AN LÍON CUAIRTEOIRÍ AR AN SUÍOMH GRÉASÁIN

## 25,130

AN LÍON ÍOSLÓDÁLACHA UATHÚLA DOICIMÉAD ÓN SUÍOMH GRÉASÁIN

**2** AN LÍON COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DLÍ A TOSAÍODH SA BHLIAIN 2025

Legal Partnerships
A new business structure for legal services providers

## DEIREADH A CHUR LE BACAINNÍ

BUNAÍODH GRÚPA OIBRE CUR CHUN FEIDHME

**2** AN LÍON TUARASCÁLACHA AR DHUL CHUN CINN A FOILSÍODH

BUNAÍODH COISTE NUA UM AN OIDEACHAS AGUS AN OILIÚINT DLÍ

**5** AN LÍON TUARASCÁLACHA REACHTÚLA A TÁIRGEADH

# 2. Conas a Rialálaimid



## Gearáin: imscrúdú agus réiteach

Is í seo an seachtú bliain inar thug ÚRSD tuairisc ar a ghníomhaíochtaí láimhseála gearán sa Tuarascáil Bhliantúil uaidh. Thosaigh ÚRSD ar ghearáin faoi aturnaetha agus abhcóidí a ghlacadh agus a imscrúdú an 7 Deireadh Fómhair 2019 tar éis thosach feidhme Chuid 6 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015.

Sa bhliain 2025, fuair ÚRSD 1,788 ngearán agus dhún sé 1,933 ghearán. De na gearáin a fuarthas, bhain 1,699 gcinn le haturnaetha agus bhain 89 gcinn le habhcóidí. Áirítear leis na figiúirí imthosca ina bhfaightear níos mó ná gearán amháin i gcoinne an aon dlí-chleachtóra amháin nó i gcoinne an aon ghnólachta dlí amháin.

B'ionann an líon gearán a fuarthas sa bhliain 2025 agus méadú 21% i gcomparáid leis an mbliain 2024, ar lena linn a fuarthas 1,476 ghearán san iomlán. Bhí an líon gearán a dúnadh le linn na bliana i bhfad níos airde ná an líon a dúnadh sa bhliain 2024, agus 459 ngearán sa bhreis dúnta sa bhliain 2025.

Léirítear sna figiúirí sin scála agus castacht na feidhme gearán, agus an méid oibre atá i gceist le gearáin a mheasúnú, a imscrúdú agus a réiteach de réir ceanglais reachtúla.

### Cineálacha gearán a imscrúdaítear

Faoi Chuid 6 den Acht, féadfaidh ÚRSD trí chineál gearán a ghlacadh agus a imscrúdú:

- gearáin á rá gur de chaighdeán neamhdhóthanach a bhí na seirbhísí dlí a soláthraíodh
- gearáin á rá gurb iomarcach a bhí méid na gcostas a bhí á lorg ag dlí-chleachtóir i leith seirbhísí dlí
- gearáin á rá gurb ionann agus mí-iompar gníomh nó neamhghníomh ag dlí-chleachtóir faoin Acht

Tá sainmhíniú leathan tugtha ar mhí-iompar san Acht agus áirítear leis aon ghníomh nó aon neamhghníomh a bhfuil calaois nó mímhacántacht i gceist leis nó ar dóigh dó míchlú a tharraingt ar an ngairm. Áirítear leis freisin soláthar seirbhísí dlí a bhí, go feadh méid substainteach, de chaighdeán neamhdhóthanach, nó costais atá thar a bheith iomarcach a iarraidh.

Ní fhéadfaidh ach cliant – nó duine

atá ag gníomhú thar ceann cliaint – gearán a dhéanamh le ÚRSD i gcás go measfaidh an cliant gur de chaighdeán neamhdhóthanach a bhí na seirbhísí dlí a soláthraíodh nó gurb iomarcach a bhí an méid costas a iarradh (róghearradh táillí). Féadfaidh aon duine gearán a dhéanamh le ÚRSD faoi mhí-iompar líomhnaithe ag dlí-chleachtóir.

## Gearáin a aicmiú agus a thaifeadadh

Mar atá leagtha amach thuas, féadfaidh ÚRSD trí chineál gearán a ghlacadh agus a imscrúdú faoin Acht: gearáin faoi sheirbhísí neamhdhóthanacha dlí; gearáin faoi chostais iomarcacha (róghearradh táillí); agus gearáin faoi mhí-iompar. Sa chleachtas, is minic a tharraingítear níos mó ná ceann amháin de na forais sin anuas san aon ghearán amháin.

Mar shampla, is amhlaidh, i gcás gearán a bhaineann le seirbhísí neamhdhóthanacha dlí go príomha, is féidir leis an ngearánach a mheas freisin gur gearradh rótháille air nó uirthi. Mar an gcéanna, is amhlaidh, i gcás gearán faoi mhí-iompar líomhnaithe, is féidir leis an ngearánach a mheas freisin gur neamhdhóthanach a bhí na seirbhísí dlí a fuair sé nó sí. Tugtar gearáin mheasctha orthu sin.

Léirítear sa tuarascáil seo an dóigh a ndéantar gearáin aonair a thaifeadadh agus a rangú. Is amhlaidh, ó thús na bliana 2023 i leith, atáimid ag taifeadadh gach gearáin aonair mar ghearán a bhaineann le ceann amháin, dhá cheann nó na trí cinn uile de na forais reachtúla gearán, de réir mar is cuí.

Tháinig sé sin in ionad an chórais roimhe, áit nach dtaifeadtaí gearán aonair ach amháin faoin bhforas príomha a cuireadh i láthair sa ghearán. Is é an aidhm atá leis an modh taifeadta nua níos sofaisticiúla ná léiriú níos fearr a thabhairt ar a chasta atá na gearáin a fhaighimid, ar gearáin iad nach dtagann faoi fhoras reachtúil gearáin amháin ina lán cásanna.

Athrú eile a tugadh isteach sa bhliain 2023 agus a ghabhtar sa tuarascáil seo freisin, baineann sé le conas a rangaíonn ÚRSD gearáin a dhéantar faoi na trí fhoras atá san Acht. Úsáidimid raon catagóirí mar chuid de phróiseas riaracháin a bhfuil mar aidhm leis ár dtuairisciú a éascú.

Taifeadaimid 35 chatagóir san iomlán. Taifeadtar gearáin faoi sheirbhísí agus faoi chostais de réir an réimse dlí atá i gceist, lena n-áirítear dlíthíocht, tíolacadh, probháid agus an dlí teaghlaigh. I gcás gearáin ina líomhnaítear mí-iompar, taifeadtar iad faoi chatagóirí a bhaineann

le cineál an ghnímh nó an neamhghnímh is cúis leis an ngearán. Áirítear leo sin calaois, mímhacántacht, nó mainneachtain cumarsáid a dhéanamh.

Go dtí an bhliain 2023, ní thaifeadtaí gearán aonair ach amháin mar ghearán a bhain le catagóir amháin. Mar shampla, ní thaifeadtaí gearán faoi sheirbhísí neamhdhóthanacha dlí ach amháin faoin dlí teaghlaigh, fiú i gcás go raibh probháid i gceist leis freisin. Mar an gcéanna, ní thaifeadtaí gearán aonair inar líomhnaíodh mí-iompar ach amháin faoi mhímhacántacht, fiú i gcás go raibh mainneachtain cumarsáid a dhéanamh i gceist leis freisin. Sa dá chás sin, ní dhéantaí ach an chomhpháirt phríomha a chatagóiriú agus a thaifeadadh.

Faoin gcóras taifeadta nua, rangaítear gearán aonair isteach i gcatagóir amháin nó níos mó de réir mar is cuí. Léirítear leis sin go gcuimsítear saincheist amháin nó níos mó, nó réimse dlí amháin nó níos mó, i ngearán aonair ina lán cásanna.

Leis an athrú sin, léirítear ar bhealach níos fearr a chasta atá na gearáin a fhaigheann ÚRSD. Fanann an líon gearán a dtugaimid tuairisc orthu mar a bhí sé, ach táimid in ann anois tuairisc a thabhairt ar na comhpháirteanna difriúla atá le fáil sna gearáin sin agus sonraí agus anailís níos fearr a thabhairt ar na saincheisteanna agus na réimsí dlí a mbaineann siad leo.

I dteannta a chéile, is é an toradh atá ar an dá athrú sin ná go dtugtar léargas níos cruinne ar an obair a dhéanann ár nOifigigh Gearán




agus Réiteach agus coistí rialála ÚRSD le linn dóibh gearáin a bhreithniú agus a imscrúdú. Leanfaimid de na sonraí a bhailímid agus a dtugaimid tuairisc orthu a fheabhsú agus a bheachtú agus muid ag comhlíonadh ár gcuspóirí reachtúla.

## Tuairisc a thabhairt ar ghearáin

Faoi alt 73 den Acht, ceanglaítear ar ÚRSD tuairisc a thabhairt ar fheidhmíocht a fheidhme gearán gach sé mhí. Foilsíodh dhá thuarascáil gearán sa bhliain 2025:

- Tuarascáil 1 de 2025, a foilsíodh an 24 Aibreán 2025, lenar cumhdaíodh an tréimhse ón 7 Meán Fómhair 2024 go dtí an 7 Márta 2025
- Tuarascáil 2 de 2025, a foilsíodh an 10 Meán Fómhair 2025, lenar cumhdaíodh an tréimhse ón 8 Márta 2025 go dtí an 2 Meán Fómhair 2025.

Ós rud é nach bpléitear ach le gearáin sna tuarascálacha sin, déantar anailís níos mine ar staitisticí iontu ná mar is féidir a dhéanamh sa tuarascáil seo. Tá gach tuarascáil gearán ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD.



## Gearáin a ghlacadh agus a imscrúdú

Leagtar amach san Acht agus i rialacháin ghaolmhara próisis reachtúla mhionsonraithe le haghaidh gearáin faoi dhlí-chleachtóirí a láimhseáil. Áirítear leo sin sraith spriocdhátaí reachtúla nach mór cloí leo.

Is é an chéad chéim de láimhseáil gearán go n-osclaítear comhaid mar fhiosruithe ar an gcéad dul síos. Iniúchann baill foirne inár rannóg gearán na comhaid sin ansin chun a chinneadh an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann fiosrú na critéir le haghaidh gearáin. Is ionann an próiseas sin agus céim thábhachtach den phróiseas láimhseála gearán. I roinnt cásanna, is féidir leis méid suntasach comhfhreagrais a chruthú idir baill foirne sa rannóg gearán agus gearánaigh. Tá sé mar aidhm leis an gcomhfhreagras sin na mionsonraí faoi na saincheisteanna arna dtarraingt anuas a shoiléiriú.

## Réamh-athbhreithniú ar inghlacthacht gearán

A luaithe a rangaítear fiosrú mar ghearán, ceanglaítear ar ÚRSD faoin Acht réamh-athbhreithniú a dhéanamh chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an gearán inghlactha. Mar chuid den phróiseas sin, ní mór do ÚRSD fógra i scríbhinn a thabhairt don dlí-chleachtóir i dtaobh an ghearáin, cóip den ghearán a thabhairt don dlí-chleachtóir, agus iarraidh ar an dlí-chleachtóir freagra i scríbhinn a thabhairt.

Féadfaimid tuilleadh faisnéise a iarraidh i scríbhinn ón ngearánach nó ón dlí-chleachtóir ag céim an réamh-athbhreithnithe freisin. I gcás gearáin chasta, is féidir go mbeidh roinnt babhtaí cumarsáide idir na páirtithe ag teastáil chun an próiseas sin a chur i gcrích.

## Gearáin a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil

Molann ÚRSD go réiteofaí gearáin go luath i gcás gur cuí. Ceanglaítear ar ÚRSD leis an Acht cuireadh a thabhairt do na páirtithe iarracht a dhéanamh nithe a réiteach i dtaca le gearáin inghlactha a bhaineann leo seo:

- seirbhísí dlí de chaighdeán neamhdhóthanach
- costais iomarcacha
- mí-iompar arbh ionann é agus seirbhísí dlí de chaighdeán neamhdhóthanach go feadh méid suntasach, dá ndéanfaí é a shuíomh

Is idirghabhálaithe cáilithe atá creidiúnaithe ag Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann iad na baill foirne a fhéachann le cabhrú leis na páirtithe gearáin a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil trí phróiseas réitigh neamhfhoirmiúil ÚRSD.

Ag brath ar an gcineál gearán, i gcás go ndiúltaíonn na páirtithe do chuireadh ó ÚRSD teacht ar réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil nó i gcás nach féidir gearán a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil, tabharfar an gearán ar aghaidh lena chinneadh agus lena imscrúdú ag ÚRSD nó, i gcás gearán mí-iompair, tabharfar é ar aghaidh lena chinneadh agus lena imscrúdú ag an gCoiste um Ghearáin. Maidir le gearán a bhfuil baint aige le níos mó ná ceann amháin de na trí fhoras reachtúla, tarchuirfear é chuig an gCoiste um Ghearáin má áirítear mí-iompar líomhnaithe leis, fiú más féidir cuid amháin den ghearán a réiteach.

Sa bhliain 2025, rinneamar caidreamh le 108 nduine de ghearánaigh agus de dhlí-chleachtóirí tríd an bpróiseas sin, i gcomparáid le 161 duine sa bhliain 2024.

## An Coiste um Ghearáin agus an Coiste Athbhreithnithe

Bunaíodh an Coiste um Ghearáin agus an Coiste Athbhreithnithe araon sa bhliain 2020.

Tá tromlach comhaltaí tuata ag an dá choiste. Tá ag an gCoiste um Ghearáin 27 gcomhalta arna gceapadh ag an Údarás. Cuimsítear iontu sin líon nach lú ná ochtar comhaltaí arna n-ainmniú ag an Dlí-Chumann agus líon nach lú ná ceathrar comhaltaí arna n-ainmniú ag Barra na hÉireann (Comhairle an Bharra roimhe sin); agus is comhaltaí tuata arna gceapadh tar éis próiseas roghnúcháin iomaíoch iad na comhaltaí eile.

Féadfaidh an Coiste um Ghearáin suí i gCoistí Rannacha atá comhdhéanta de thriúr nó cúigear comhaltaí. Déantar gearáin faoi mhí-iompar líomhnaithe ar chinn ár nOifigigh Gearán agus Réiteach iad a bheith inghlactha a tharchur chuig an gCoiste um Ghearáin lena n-imscrúdú. Tá sé de chumhacht ag an gCoiste um Ghearáin smachtbhannaí a fhorchur ar dhlí-chleachtóirí nó gearáin a tharchur chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí Ieithleach (LPDT). Ní fhéadfaidh an Coiste um Ghearáin a chinneadh go ndearnadh mí-iompar.

Tháinig an Coiste um Ghearáin le chéile 40 uair sa bhliain 2025, i gcomparáid le 43 huaire sa bhliain roimhe. Ba i bhfad níos airde a bhí an líon gearán ar dhún an coiste iad (507 ngearán sa bhliain 2025, suas ó 327 ngearán sa bhliain 2024).

Tá ag an gCoiste Athbhreithnithe freisin 27 gcomhalta a dhéantar a ainmniú agus a cheapadh ar an mbealach céanna a dhéantar na comhaltaí den Choiste um Ghearáin a ainmniú agus a cheapadh, agus suíonn sé i bpainéil ar a bhfuil triúr comhaltaí. Athbhreithníonn an Coiste Athbhreithnithe cinntí ó na hOifigigh Gearán agus Réiteach ar ghearáin a bhaineann le seirbhísí neamhdhóthanacha dlí agus/nó le costais iomarcacha. D’athbhreithnigh an Coiste Athbhreithnithe 71 ghearán ag 11 suí sa bhliain 2025. Le linn na bliana, rinne dlí-chleachtóirí agus gearánaigh 71 iarraidh ar athbhreithniú (síos ó 87 n-iarraidh sa bhliain 2024).

## Ordacháin ÚRSD a fhorfheidhmiú

Sna gearáin uile nach gcloíonn dlí-chleachtóirí le hordacháin nó cinntí ó ÚRSD iontu, tionscnaíonn ÚRSD imeachtaí forfheidhmiúcháin faoi alt 90 den Acht. Nuair a mheastar iarratais den sórt sin chun na hArd-Chúirte a bheith riachtanach, lorgóidh ÚRSD freisin go n-íocfadh an dlí-chleachtóir na costais a thabhaítear.

## Gearáin a fuarthas sa bhliain 2025

### Forbhreathnú

Sa bhliain 2025, fuair an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach 2,831 cheann san iomlán de ghlaonna teileafóin agus de ríomhphoist inar iarradh faisnéis agus/nó foirmeacha gearáin.

Ar an iomlán, d'oscail an fhoireann sa rannóg gearán 2,315 chomhad fiosraithe. Tar éis measúnú a dhéanamh, rangaíodh 1,788 gcinn díobh mar ghearáin agus cuireadh iad faoi réir an phróisis reachtúil mheasúnaithe réamh-inghlacthachta ansin. Rinneadh 26 chomhad eile a rangú mar chomhaid a bhain le sárú líomhnaithe ar na Rialacháin fán Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí (Fógraíocht), 2020.  Ba mar fhiosruithe a déileáladh leis an 501 chomhad fiosraithe a bhí fágtha, agus ár mbaill foirne ag tabhairt faisnéise nó cabhrach. Cé nach rangaítear na comhaid sin mar ghearáin, tarlaíonn sé in amanna go dteastaíonn ó bhaill foirne ÚRSD méid suntasach oibre a chur isteach chun aghaidh a thabhairt ar na fiosruithe sin.

Faoi mar a bhí amhlaidh sna blianta roimhe, ba mhó an líon gearán a fuarthas faoi aturnaetha ná an líon a fuarthas faoi abhcóidí sa bhliain 2025 (1,699 ngearán faoi aturnaetha, i gcomparáid le 89 ngearán faoi abhcóidí, mar atá luaite thuas), rud a bhí ag teacht leis an bhfíric gur mó an líon aturnaetha atá ann agus gur mó an leibhéal teagmhála dírí atá acu le tomhaltóirí.

Sa tuarascáil seo, tugtar staitisticí faoin miondealú ar na gearáin a fuarthas de réir contae (féach leathanach 27), bunaithe ar láithreacha oifige na ndlí-chleachtóirí. I dteannta a chéile, tá dlí-chleachtóirí i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh freagrach as pas beag níos mó ná leath (52%) an lín iomláin gearán a fuarthas.

### Gearáin a fuarthas

Mar atá luaite thuas, taifeadann ÚRSD gearáin aonair mar ghearáin a bhaineann le ceann amháin, dhá cheann nó na trí cinn uile de na forais san Acht i gcás gur cuí. Áirítear leis an tuarascáil seo miondealú iomlán ar fhorais maidir le gach ceann den 1,788 ngearán a fuarthas sa bhliain 2025. Léirítear sa mhiondealú nach raibh ach foras reachtúil amháin ann i gcás 1,410 ngearán agus gur ghearáin mheasctha iad 378 ngearán eile.

Sa bhliain 2025, ba le mí-iompar líomhnaithe amháin a bhain 942 ghearán (53%). Bhí mí-iompar ina fhoras gearáin i 252 ghearán eile freisin, rud a d'fhág go raibh líomhaintí faoi mhí-iompar i gceist le 67% de na gearáin ar fad a fuarthas.

Ba le caighdeáin neamhdhóthanacha seirbhísí dlí amháin a bhain 442 ghearán san iomlán (25%). Tarraingíodh seirbhísí neamhdhóthanacha anuas mar fhoras gearáin i 363 ghearán eile. Mar an gcéanna, ba le costais iomarcacha amháin a bhain 26 ghearán (1%), agus tarraingíodh forais costas iomarcach anuas freisin i 192 ghearán eile.


# Catagóirí gearán a fuarthas sa bhliain 2025

## Gach foras gearáin

Maidir le gearáin a dhéantar faoi na trí fhoras atá san Acht, rangaíonn ÚRSD iad ina raon catagóirí mar chuid de phróiseas riaracháin a bhfuil mar aidhm leis ár dtuairisciú a éascú. Breisíodh an taifeadadh gearán chun go léireofaí ann go bhféadfadh roinnt comhpháirteanna difriúla ar fud 35 chatagóir atá ar fáil a bheith ar áireamh san aon ghearán amháin.

Maidir leis an 1,788 ngearán aonair a fuarthas sa bhliain 2025, cuimsíodh iontu 2,621 chomhpháirt ar fud na gcatagóirí sin.

### Gach foras gearáin





| | | |
|---|---|---|
| Mí-iompar, agus mí-iompar amháin | **942** | 53% |
| Seirbhísí dlí neamhleor amháin | **442** | 25% |
| Costais iomarcacha, agus costais iomarcacha amháin | **26** | 1% |
| Mí-iompar agus seirbhísí neamhdhóthanacha dlí | **186** | 10% |
| Mí-iompar agus costais iomarcacha | **15** | 1% |
| Seirbhísí neamhdhóthanacha dlí agus costais iomarcacha | **126** | 7% |
| Mí-iompar, seirbhísí neamhdhóthanacha dlí agus costais iomarcacha | **51** | 3% |
| **Iomlán** | **1,788** | |

CONAS A RIALÁLAIMID

## Mí-iompar

Taifeadadh 1,527 gcomhpháirt mí-iompair san iomlán sna gearáin ar fad a fuarthas sa bhliain 2025. Rangaíodh iad sin faoi chatagóirí éagsúla, bunaithe ar ghníomhartha líomhnaithe nó neamhghníomhartha líomhnaithe na ndlí-chleachtóirí. Díobh sin, bhain 557 gcinn (36%) le hiompar ar dóigh dó míchlú a tharraingt ar an ngairm agus bhain 289 gcinn (19%) le mainneachtain cloí le gealltanas a tugadh do chomhghleacaí nó d'fhoras airgeadais.

Bhain 75 chomhpháirt eile (5%) le mainneachtain cumarsáid a dhéanamh, bhain 158 gcinn (10%) le mainneachtain comhad nó gníomhais agus doiciméid eile a thabhairt ar láimh, bhain 69 gcinn (4%) le calaois nó mímhacántacht, agus bhain 94 cinn (6%) le coinbhleacht leasa.





| | | |
|---|---|---|
| Míchlú a tharraingt ar an ngairm | **557** | 36.5% |
| Gealltanas | **289** | 18.9% |
| Mainneachtain tabhairt ar láimh | **158** | 10.3% |
| Mainneachtain cuntas a thabhairt | **113** | 7.4% |
| Coinbhleacht leasa | **94** | 6.2% |
| Mainneachtain cumarsáid a dhéanamh | **75** | 4.9% |
| Calaois nó mímhacántacht | **69** | 4.5% |
| An chúirt a chur ar míthreoir | **53** | 3.5% |
| Sárú ar rúndacht | **31** | 2.0% |
| Mainneachtain táillí abhcóide a íoc | **27** | 1.8% |
| Mí-iompar eile | **61** | 4.0% |
| **IOMLÁN** | **1,527** | |

## Seirbhísí neamhdhóthanacha dlí

Taifeadadh 855 chomhpháirt seirbhísí neamhdhóthanacha dlí san iomlán sna gearáin ar fad a fuarthas sa bhliain 2025. Rangaíodh iad sin faoi chatagóirí éagsúla, ar bhonn an réimse dlí ar bhain an gearán leis. Díobh sin, bhain 243 chomhpháirt (28%) le dlíthíocht, bhain 182 chomhpháirt (21%) le tíolacadh, bhain 139 gcomhpháirt (16%) leis an dlí teaghlaigh, agus bhain 132 chomhpháirt (15%) le probháid agus le riaradh eastát.


**Seirbhísí neamhdhóthanacha dlí**




| | | |
|---|---|---|
| Dlíthíocht | **243** | 28.4% |
| Tíolacadh | **182** | 21.3% |
| An Dlí Teaghlaigh | **139** | 16.3% |
| Probháid | **132** | 15.4% |
| Coireacht | **49** | 5.7% |
| Fostaíocht | **37** | 4.3% |
| Eile | **73** | 8.5% |
| **Iomlán** | **855** | |


## Costais iomarcacha

Taifeadadh 239 gcomhpháirt costas iomarcach san iomlán sna gearáin ar fad a fuarthas sa bhliain 2025. Rangaíodh iad sin faoi chatagóirí éagsúla, ar bhonn an réimse dlí ar bhain an gearán leis. Díobh sin, bhain 71 chomhpháirt (30%) le dlíthíocht, bhain 67 gcomhpháirt (28%) leis an dlí teaghlaigh, bhain 30 comhpháirt (13%) le tíolacadh, agus bhain 34 chomhpháirt (14%) le probháid agus le riaradh eastát.




| | | |
|---|---|---|
| Dlíthíocht | **71** | 29.7% |
| An Dlí Teaghlaigh | **67** | 28.0% |
| Probháid | **34** | 14.2% |
| Tíolacadh | **30** | 12.6% |
| Fostaíocht | **16** | 6.7% |
| Coireacht | **6** | 2.5% |
| Eile | **15** | 6.3% |
| **Iomlán** | **239** | |

## Gearáin a fuarthas de réir contae sa bhliain 2025




| | |
|---|---|
| Dlínsí eile | 9 |
| **IOMLÁN** | **1,788** |

# Gearáin a dúnadh

## Forbhreathnú


Dúnadh 1,933 ghearán san iomlán sa bhliain 2025. Dúnadh ceithre cinn as gach deich ngearán (815 ghearán, nó 41%) toisc gur cinneadh iad a bheith neamh-inghlactha tar éis measúnú reachtúil.

Réitíodh 496 ghearán (25%) san iomlán idir na páirtithe, lenar áiríodh 40 gearán a réitíodh go rathúil agus a dúnadh le cabhair ónár n-idirghabhálaithe oilte.

Tarraingíodh 49 ngearán san iomlán siar (2%). Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, nuair a dhéantar gearáin a tharraingt siar nó a réiteach idir na páirtithe iad féin, a fhéadfaidh ÚRSD a chinneadh go bhfuil sé ar mhaithe leis an bpobal leanúint le himscrúdú. Níor tharla sé sin sa bhliain 2025.

Seasadh le 177 ngearán san iomlán (9%). Bhí an líon sin comhdhéanta de 99 ngearán a bhain le seirbhísí neamhdhóthanacha dlí agus costais iomarcacha agus de 78 ngearán faoi mhí-iompar líomhnaithe ar sheas an Coiste um Ghearáin leo. Tharchuir an Coiste um Ghearáin 79 ngearán eile faoi mhí-iompar líomhnaithe (4%) chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT).

Dúnadh 116 ghearán san iomlán (6%) toisc nach rabhthas in ann leanúint leo ar chúiseanna eile. Is féidir leis sin teacht chun cinn i gcás gur scoir dlí-chleachtóir de bheith ag cleachtadh, gur cuireadh ar fionraí é nó í nó gur baineadh a ainm nó a hainm ón rolla.  Is féidir go n-iarchuirfear imscrúdú i gcás go bhfuil imeachtaí cúirte ar siúl.




** Tá 1,972 thoradh ann sna staitisticí thuas faoi Ghearáin a Dúnadh. Tá an figiúr sin 39 dtoradh níos mó ná an líon iomlán gearán a dúnadh, arb ionann é agus 1,933 ghearán.  Tá sé sin amhlaidh toisc gur ar fhorais mheasctha a bhí 39 ngearán (is é sin le rá gur cuimsíodh iontu níos mó ná ceann amháin de na trí fhoras reachtúla), rud a fhágann gur féidir leo roinnt torthaí a bheith orthu.*

CONAS A RIALÁLAIMID

*Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine in ÚRSD as cabhrú leis an ní sin a réiteach go tapa.*

*Go raibh maith agaibh as bhur gcabhair leis an ní seo. Murach ÚRSD, ní bheadh an ní seo réitithe choíche.*

*Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le d'eagraíocht as an obair a rinne sibh ar mo chás, agus deimhnítear sa toradh nach bhfuair mé an tseirbhís a bhí tuillte agam.*

## Gníomhaíochtaí láimhseála gearán sa bhliain 2025

### Forfheidhmiú san Ard-Chúirt

Le linn na bliana 2025, d'eisigh ÚRSD 27 n-iarratas chuig an Ard-Chúirt faoi alt 90 den Acht ar orduithe chun na hordacháin uaidh a fhorfheidhmiú i ngearáin i gcoinne dlí-chleachtóirí, i gcás go raibh neamhchomhlíonadh ann ag dlí-chleachtóir. Rinneadh 14 ordú Ard-Chúirte san iomlán.

### Gearáin leis an Ombudsman

Féadfaidh gearánaigh atá den tuairim gur chaith ÚRSD go míchothrom leo gearán a dhéanamh le hOifig an Ombudsman. Scrúdaíonn foireann an Ombudsman gearáin faoi ghníomhartha riaracháin comhlachtaí poiblí, ÚRSD san áireamh.

A mhéid a bhaineann le gearáin le ÚRSD, is é ról an Ombudsman a bhreithniú cé acu a déileáladh nó nár déileáladh le gearán de réir na nósanna imeachta a leagtar amach san Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015. Ní fhéadfaidh an tOmbudsman gníomhartha an dlí-chleachtóra a imscrúdú, ach féadfaidh sé athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhartha riaracháin a rinne ÚRSD le linn dó déileáil le gearán. Ní achomharc i gcoinne an chinnidh ó ÚRSD é próiseas an Ombudsman. Ina ionad sin, is imscrúdú é ar na nósanna imeachta a lean ÚRSD.

Ní iarrann an tOmbudsman cóip den chomhad ó ÚRSD ach amháin i gcás gearáin a measann sé go dteastaíonn tuilleadh imscrúdaithe ina leith. Sa bhliain 2025, fuaireamar iarrataí le haghaidh cóip de chomhad 71 uair. Is méadú é sin ó na 56 iarraidh a fuarthas sa bhliain 2024. Gníomhaíonn ÚRSD de bhun an aiseolais ar fad a sholáthraíonn an tOmbudsman tar éis imscrúdaithe.


## An Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí

Tá an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT) ina chomhlacht reachtúil neamhspleách faoin Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015. Tá sé mar ról aige gearáin mhí-iompair faoi aturnaetha agus faoi abhcóidí a éisteacht. Tugann an Coiste um Ghearáin de chuid ÚRSD agus Dlí-Chumann na hÉireann iarratais chun an Bhinse.

Tá LPDT ar an gcomharba ar na comhlachtaí araíonachta a bhí ann roimhe seo do na gairmeacha dlí, mar atá an Binse Araíonachta Aturnaetha agus an Binse um Iompar Gairmiúil Abhcóidí.

Sa bhliain 2025, rinne ÚRSD 101 iarratas san iomlán chuig an mBinse ar fhiosrúcháin, suas ó 22 cheann sa bhliain 2024. Bhain na hiarratais go léir le haturnaetha.

Cé go bhfuil LPDT ina eintiteas atá ar leithligh ó ÚRSD agus a bhfuil a áitreabh féin aige, soláthraíonn ÚRSD tacaíocht riaracháin agus theicniúil dó. Is fostaithe de chuid ÚRSD iad baill foirne tacaíochta LPDT agus tá a Chláraitheoir ina bhall d'Fhoireann Ardbhainistíochta ÚRSD.



# Seirbhísí dlí a sholáthar: tobhach agus clárúchán

## An Clár Comhpháirtíochtaí Dlí

I mí Mheán Fómhair 2024, thug ÚRSD isteach an creat um chomhpháirtíochtaí dlí, rud atá comhdhéanta de shraith rialachán agus de chód cleachtais d'abhcóidí cleachtacha. Is é is comhpháirtíocht dlí ann ná comhpháirtíocht arna foirmiú faoi dhlí an Stáit trí chomhaontú scríofa idir beirt dlí-chleachtóirí nó níos mó (aturnaetha nó abhcóidí) chun seirbhísí dlí a sholáthar. Ní mór do chomhpháirtí amháin ar a laghad i gcomhpháirtíocht dlí a bheith ina abhcóide cleachtach nó ina habhcóide cleachtach.

Féadfaidh Comhpháirtíochtaí Dlí:

- a bheith ina gcomhpháirtíochtaí dlí d'aturnaetha agus d'abhcóidí, áit a bhfuil aturnae cleachtach amháin ar a laghad agus abhcóide cleachtach amháin ar a laghad ina gcomhpháirtithe
- a bheith ina gcomhpháirtíochtaí dlí d'abhcóidí amháin, áit nach bhfuil ach abhcóidí cleachtacha ina gcomhpháirtithe

Ba ghá leasú reachtach a dhéanamh ar alt 1 d'Acht 2015 chun comhpháirtíochtaí dlí a thabhairt isteach. Tugadh an leasú sin isteach leis an Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023.

Is é atá i gComhpháirtíochtaí Dlí ná nuálaíocht sa mhargadh seirbhísí dlí, agus é mar aidhm leo an soláthar seirbhísí dlí in Éirinn a nuachóiriú. Cé gur cineál coitianta socraíochta gnó in Éirinn iad comhpháirtíochtaí, b'amhlaidh, roimh an gcreat seo, nach raibh cead ag aturnaetha comhpháirtíochtaí a bhunú ach amháin le haturnaetha eile.

Coimeádann ÚRSD Clár Comhpháirtíochtaí Dlí is féidir a fháil ar ár suíomh Gréasáin. Chuir dhá chomhpháirtíocht dlí in iúl do ÚRSD sa bhliain 2025 go raibh sé ar intinn acu tosú mar chomhpháirtíocht dlí. Thosaigh Heres Law mar Chomhpháirtíocht Dlí an 1 Meán Fómhair 2025 agus thosaigh Rafferty Jameson Liang an 1 Deireadh Fómhair 2025. Údaraíodh na comhpháirtíochtaí dlí sin freisin mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta (CDTanna) sa bhliain 2025.

## Fás seasta sa líon Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta

Sa bhliain 2025, b'ionann agus 34 cinn an líon gnóthaí iomchuí ar údaraigh ÚRSD iad chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta. D'fhág sé sin gurb ionann agus 541 Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta an líon iomlán Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a údaraíodh ó mhí na Samhna 2019 i leith. In alt 99 den Acht, mínítear 'gnó iomchuí' mar chomhpháirtíocht aturnaetha nó mar chomhpháirtíocht dlí.

Le linn na bliana, chuir 12 Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta in iúl do ÚRSD go bhfuil sé ar intinn acu scor de bheith ag oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta (rud atá déanta ag 59 gComhpháirtíocht Dliteanais Theoranta san iomlán ó mhí na Samhna 2019 i leith). Mar thoradh air sin, bhí 482 Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta taifeadta ar an gClár Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta ag deireadh na bliana 2025. Déanaimid an Clár Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a chothabháil agus a athrú chun dáta go tráthrialta. Liostaítear sa chlár sin na gnóthaí iomchuí atá údaraithe chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dhliteanais Theoranta. Tá an Clár ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.

Fuair ÚRSD 151 fhoirm um chomhaltas a athrú ó Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta sa bhliain 2025, ar dá mbarr a cuireadh 267 gcomhpháirtí le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta ar an gClár agus a baineadh 126 chomhpháirtí díobh. Próiseáladh na hathruithe go léir ar bhealach tráthúil.

Eisíodh na Rialacháin fán Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta), 2024 (I.R. Uimh. 488 de 2024), an 26 Meán Fómhair 2024. Tháinig na rialacháin sin in ionad na rialachán roimhe maidir le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a foilsíodh sa bhliain 2019, agus léirítear iontu tabhairt isteach Comhpháirtíochtaí Dlí a d'fhéadfadh údarú a lorg freisin chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta.

Le húdarú chun oibriú faoi dhliteanas teoranta de réir an Achta, ceadaítear do ghnó iomchuí dliteanas pearsanta a chomhpháirtithe a laghdú. Fágann sé sin, mar shampla, go gcosnaítear na sócmhainní pearsanta de chuid comhpháirtí ar fhaillí na gcomhpháirtithe eile sa Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta. Is féidir fós go mbeidh comhpháirtí faoi dhliteanas fiachais, dualgais nó dliteanais a eascraíonn, mar shampla, as gníomh nó neamhghníomh ag an gcomhpháirtí a bhfuil calaois nó mímhacántacht ag gabháil leis agus is ábhar do chinneadh go raibh mí-iompar ann nó do chiontú coiriúil.
Tá freagrachtaí ag gabháil le dliteanas

CONAS A RIALÁLAIMID

pearsanta dlí-chleachtóirí a theorannú. Áirítear leo sin árachas cuí slánaíochta gairmiúla a chothabháil agus tionchar na samhla oibriúcháin Comhpháirtíocht Dliteanais Theoranta a chur in iúl go soiléir do chliaint agus do chreidiúnaithe.

Ar fud na bliana 2025, thugamar freagra ar fhiosruithe ó ghnólachtaí a bhain le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta agus le próisis rialála ghaolmhara, lena n-áirítear iarratais ar oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta, ar scor d'oibriú, agus ar ainm na gcomhpháirtithe i gComhpháirtíocht Dliteanais Theoranta a athrú. San iomlán, thugamar freagra ar 184 fhiosrú a bhain le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta sa bhliain.

Ceanglaítear le halt 125(9) den Acht ar ÚRSD breith a thabhairt maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart údarú a thabhairt do ghnó iomchuí chun oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta tráth nach déanaí ná 60 lá ó fhoirm iarratais bhailí agus táille a fháil. Ba é 22 lá an meán-aga próiseála sa bhliain 2025 le haghaidh iarratais ar oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta.




## Léargas ar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta nua sa bhliain 2025

Tugtar léargas úsáideach ar phatrúin i ngníomhaíocht Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta in anailís ar na sonraí ó ÚRSD faoi na 34 ghnó iomchuí a údaraíodh chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta sa bhliain 2025.

Ar an iomlán, údaraíodh naoi gComhpháirtíocht Dliteanais Theoranta i mBaile Átha Cliath (i gcomparáid le 16 cinn sa bhliain 2024), údaraíodh ceithre cinn i gCill Dara, agus údaraíodh trí cinn i gCorcaigh agus i Lú araon. Tá na Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta údaraithe eile scaipthe ar fud na tíre.

As measc na 34 Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta a údaraíodh le linn na bliana, bhí idir beirt chomhpháirtithe agus cúigear comhpháirtithe ag 33 cinn.


### An líon CDTanna a údaraíodh sa bhliain 2025 de réir Contae




### An líon CDTanna a údaraíodh sa bhliain 2025 de réir an lín comhpháirtithe

**Is iad seo a leanas na céatadáin don tábla seo:**

| | | |
|---|---|---|
| Idir beirt chomhpháirtithe agus cúigear comhpháirtithe | 33 | (97.06%) |
| Idir 11 chomhpháirtí agus 25 chomhpháirtí | 1 | (2.94%) |
| **IOMLÁN** | 34 | |




LSRA
Make a Complaint
What You Can Complain About
Click to find out more >>
After You Make a Complaint
Resolving Complaints
DELL


Values
Round One
Honesty
NO HIDDEN AGENDA

## Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a Chothabháil

Déanann ÚRSD Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a chothabháil. Is clár inchuardaithe ar líne é a chuimsíonn ainm na n-abhcóidí uile a bhfuil teidlíocht acu chun seirbhísí dlí a sholáthar sa Stát.

Tá an Rolla ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD. Tá sé ina uirlis thábhachtach trínar féidir le daoine den phobal a dheimhniú go bhfuil abhcóide atá ag soláthar seirbhísí dlí thar a gceann i dteideal go dlíthiúil déanamh amhlaidh. Is gá freisin an tobhach ar abhcóidí a ríomh agus a riaradh i gceart.

Baineann stádas cleachtaidh abhcóide ar an Rolla (an comhalta den Leabharlann Dlí é nó í nó nach ea, nó an bhfuil nó nach bhfuil sé nó sí i seirbhís lánaimseartha an Stáit) le hábhar le haghaidh an phróisis um an tobhach a ríomh. Déanann sé difear freisin don dliteanas atá ar abhcóide i leith an tobhach bliantúil a íoc. Ar na cúiseanna sin, tá sé tábhachtach gur cruinn agus cothrom le dáta atá mionsonraí na n-abhcóidí uile atá liostaithe ar an Rolla. Faoi alt 136 den Acht, cuirtear cosc ar abhcóidí cáilithe seirbhísí dlí a sholáthar mura bhfuil a n-ainm taifeadta ar an Rolla.

Ón 31 Iúil 2023 i leith, ceanglaítear ar abhcóidí ar an Rolla leis an Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023:

- eolas a thabhairt do ÚRSD faoi athrú ar a mionsonraí, lena n-áirítear a n-ainm, a seoladh poist/ríomhphoist, agus a stádas cleachtaidh (cé acu atá nó nach bhfuil siad i seirbhís lánaimseartha an Stáit agus cé acu is comhaltaí den Leabharlann Dlí iad nó nach ea)
- iarratas a dhéanamh ar ÚRSD go mbainfí a n-ainm den Rolla i gcás nach mian leo a thuilleadh seirbhísí dlí a sholáthar

Maidir le mainneachtain ag abhcóide cleachtach na hoibleagáidí nua a chomhlíonadh, d'fhéadfadh sí a bheith cothrom le mí-iompar mar a mhínítear le halt 50(1)(m) den Acht.

Mhéadaigh an líon abhcóidí a bhí liostaithe ar an Rolla ó 3,071 duine an 1 Eanáir 2025 go 3,128 nduine an 31 Nollaig 2025. Bhí 2,137 nduine díobh sin ina gcomhaltaí den Leabharlann Dlí agus ní raibh 991 duine díobh ina gcomhaltaí den Leabharlann Dlí. Le linn na bliana, fuaireamar 310 n-iarraidh ar leasuithe ar mhionsonraí abhcóidí, agus baineadh 104 abhcóide ón Rolla.

Sa bhliain 2025, cuireadh mionsonraí 161 abhcóide chleachtacha leis an Rolla, arbh iontrálaithe nua iad 144 dhuine agus arbh athiontrálaithe iad 17 nduine. Ba é dhá lá oibre an meán-aga slánúcháin le haghaidh iarratas. Déileáladh sa bhliain le 246 cheist san iomlán a bhain leis an Rolla.

## An tobhach ar na gairmeacha

D’eisigh ÚRSD an seachtú sraith fógraí measúnachta tobhaigh bhliantúil uaidh i mí na Bealtaine 2025. Is faoi réir an tobhach a íoc atá Dlí-Chumann na hÉireann, Barra na hÉireann, agus abhcóidí nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad. Is é an tobhach príomhshásra cistiúcháin ÚRSD.

Cinneann ÚRSD an méid tobhaigh gach bliain le toiliú ón Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, agus ríomhtar é de réir fhorálacha Chuid 7 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, arna leasú leis an Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023.

Le toiliú ón Aire, chinn ÚRSD an méid tobhaigh a bhí iníoctha do thobhach na bliana 2024, agus ríomh sé an sciar den tobhach a bhí iníoctha ag an Dlí-Chumann, ag Barra na hÉireann agus ag abhcóidí nár chomhaltaí den Dlí-Chumann iad faoi seach. Tá díolúine ón tobhach ag dlí-chleachtóirí atá i seirbhís lánaimseartha an Stáit faoi alt 97 den Acht.

Toisc a chuirtear san áireamh le linn an tobhach a ríomh is ea an líon gearán a dhéantar i gcoinne aturnaetha agus abhcóidí.

B’ionann an tobhach don bhliain tobhaigh 2024 agus €336.47 in aghaidh an abhcóide nach comhalta den Leabharlann de é nó í, €357.14 in aghaidh an chomhalta den Leabharlann Dlí agus €483.36 in aghaidh an aturnae. Le linn na bliana 2025, fuaireamar 98 bhfiosrú a bhain leis an tobhach agus thugamar freagra orthu.

Mar a cheanglaítear le halt 95D(1) den Acht, d’eisigh ÚRSD Fógraí Measúnachta Tobhaigh an 21 Bealtaine 2025 chuig an dá chomhlacht ghairmiúla agus chuig na 698 n-abhcóide aonair nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad.

Faoin 31 Nollaig 2025, bhí 99.15% den tobhach don bhliain tobhaigh 2024 íoctha le ÚRSD.



# 3. Conas a Dhéanaimid Caidreamh agus a Nuálaimid



## Taighde: oideachas agus cuimsiú

Tá gníomhaíochtaí taighde agus tuairiscithe reachtúil ÚRSD ag teacht le leithead ár bhfreagrachtaí rialála. Le linn na bliana 2025, díríodh san obair sin ar threisiú leis an mbonn fianaise a bhuntacaíonn le hathchóiriú an oideachais dlí agus na rochtana ar na gairmeacha, mar aon le leanúint de thuarascálacha reachtúla a sholáthar.

Bliain tháirgiúil ba ea an bhliain faoi athbhreithniú, ar lena linn a foilsíodh an *Tuarascáil 'Pathways to the Professions', 2024*, arb í tuarascáil reachtúil alt 33 í, go luath sa samhradh. Ar aon dul leis na moltaí atá leagtha amach inár *dtuarascáil 'Caighdeáin a Shocrú' 2022* agus inár bPlean Cur Chun Feidhme um *Dheireadh a Chur le Bacainní, 2024*, ba sa bhliain 2025 a bunaíodh Coiste Alt 16 um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí agus an Grúpa Oibre Cur Chun Feidhme um Dheireadh a Chur le Bacainní agus a tionóladh cruinnithe leanúnacha díobh. Le chéile, tá na comhlachtaí sin dírithe ar éifeachtúlachtaí san oideachas dlí agus san oiliúint dlí a mhéadú, ar an rochtain ar na gairmeacha dlí a mhéadú, agus ar ghairm dlí níos éagsúla a chruthú.

Ag an am céanna, lean an fhoireann Taighde lena clár tuairiscithe agus d'fhoilsigh sí dhá thuarascáil i mí an Mhárta agus i mí Mheán Fómhair inar tugadh an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn maidir le *Deireadh a Chur le Bacainní*.

## An Plean Cur Chun Feidhme um Dheireadh a Chur le Bacainní

***Dul i ngleic le bacainní eacnamaíocha agus eile chun gairmeacha dlí atá níos sorochtana agus níos éagsúla a thógáil***




Croíchuspóir de chuid ÚRSD is ea gairm dlí atá neamhspleách, láidir agus éifeachtach a spreagadh. Agus an *Plean Cur Chun Feidhme um Dheireadh a Chur le Bacainní* á chur chun cinn aige, tá ÚRSD ag leanúint d'obair i dtreo an chuspóra sin.

Tá an plean cur chun feidhme mar chuid de chlár taighde ilbhliantúil a bhfuil mar sé aidhm leis aghaidh a thabhairt ar na bacainní eacnamaíocha agus struchtúracha a mbíonn gairmithe dlí atá ag teacht chun cinn agus atá tar éis a ngairm a thosú ag déileáil leo. Is é aidhm an chláir seo an rochtain ar an ngairm a leathnú agus, le linn déanamh amhlaidh, tacú le gairm a fhorbairt atá ag teacht níos fearr le héagsúlacht an phobail in Éirinn.

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, d'oibrigh ÚRSD i ndlúthchomhar le comhaltaí an Ghrúpa Oibre Cur Chun Feidhme ar roinnt réimsí tosaíochta, lenar áiríodh an éagsúlacht, an comhionannas, agus an cuimsiú. Is iad ionadaithe ó na trí chomhlacht ghairmiúla dlí, mar atá Dlí-Chumann na hÉireann, Cumann Onórach Óstaí an Rí, agus Barra na hÉireann, comhaltaí an ghrúpa.

Tá tuiscint ar phróifíl dhéimeagrafach na ndaoine aonair atá ag tabhairt faoi oiliúint



gairmithe dlí ina cuid ríthábhachtach d'fheabhas a chur ar éagsúlacht. Chun tacú leis an taighde sin, choimisiúnaigh ÚRSD The Bridge Group, ar comhairleacht neamhbhrabúis atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe é, chun comhairle a thabhairt maidir le sonraí éagsúlachta a bhaineann le haturnaetha faoi oiliúint agus le habhcóidí is mic léinn a bhailiú agus a thuairisciú.

D'oibrigh The Bridge Group le ÚRSD agus leis na comhlachtaí oiliúna gairmithe dlí (an Dlí-Chumann agus Óstaí an Rí) chun measúnú a dhéanamh ar an tírdhreach atá ann cheana agus chun cur chuige a cheapadh a mbeadh sé mar aidhm leis feabhas a chur ar an tuiscint ar an éagsúlacht atá ann i measc iontrálaithe nua sa ghairm.

I mí Dheireadh Fómhair 2025, chuir The Bridge Group an tuarascáil deiridh uaidh ar fáil, lenar áiríodh ceistneoir éagsúlachta a bheidh mar chuid den phróiseas ionduchtúcháin do na habhcóidí is mic léinn agus na haturnaetha faoi oiliúint a ghlacfar isteach sa bhliain 2026. Nuair a bheidh siad bailithe, tabharfar tuairisc ar na sonraí comhiomlánaithe maidir le héagsúlacht sa *tuarascáil 'Pathways to the Professions'*, ar tuarascáil bhliantúil ó ÚRSD í.

I mí an Mheithimh 2025, tar éis thosach feidhme alt 101 den Acht, d'fhoilsigh ÚRSD treoirnóta ar a shuíomh Gréasáin d'abhcóidí maidir le seirbhísí dlí a sholáthar go díreach do chliaint nach aturnaetha iad i nithe neamhchointinneacha. Le tosach feidhme alt 101 den Acht, mar aon le foilsiú an treoirnóta, tugadh aghaidh ar cheann amháin de na moltaí sa *tuarascáil ar Dheireadh a Chur le Bacainní* agus leathnófar leis an raon seirbhísí a fhéadfaidh abhcóidí a sholáthar.

Príomhshnáithe oibre eile le linn na bliana ba ea réitigh nuálacha ar roinnt de na bacainní a mbíonn aturnaetha agus abhcóidí atá tar éis a ngairm a thosú ag déileáil leo a fhiosrú agus a spreagadh. D'oibrigh ÚRSD leis na trí chomhlacht ghairmiúla chun oiliúint a dhéanamh níos inrochtana, agus d'iarr sé faisnéis faoi roinnt de na bacainní agus faoi na gníomhartha a d'fhéadfaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní.

Bhí caidreamh dearfach ann ar fud an phróisis agus, a bhuí leis an bhfaisnéis a soláthraíodh, tugadh léargas níos soiléire do ÚRSD ar na réimsí ar cheart díriú orthu sa chéad chéim eile den phlean cur chun feidhme.



# An Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí (LPET)

## *An t-oideachas agus an oiliúint gairmithe dlí a nuáil*

Tar éis athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar oideachas agus oiliúint dlí-chleachtóirí idir na blianta 2018 agus 2020, chuir ÚRSD roinnt moltaí faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt sa tuarascáil 2020 uaidh dar teideal '*Caighdeáin a Shocrú: An tOideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí*'.

I measc na moltaí bhí Coiste neamhspleách um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí (LPET) a bhunú, rud a mbeidh freagracht air as na caighdeáin a shocrú agus a chothabháil i soláthar an oideachais agus na hoiliúna dlí i measc na soláthraithe go léir.

Fad is atá na leasuithe reachtacha chun an Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí a bhunú á n-ullmhú, bunaíodh coiste sealadach oideachais agus oiliúna dlí faoin Acht, ar a dtugtar Coiste Alt 16 um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí. Go dtí go mbeidh an Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí bunaithe, oibreoidh an Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí chun an bealach a réiteach agus chun obair an Choiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí a chur chun cinn.

Sa bhliain 2025, tháinig an Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí le chéile den chéad uair riamh agus chuir sé tús lena chuid oibre ar a chlár oibre forordaithe, rud lena n-áirítear:

1. **Creat inniúlachtaí a fhorbairt d'aturnaetha agus d'abhcóidí**

Tar éis próiseas tairiscintí iomaíocha, ceapadh Forvis Mazars, cleachtas comhairleachta taighde agus meastóireachta, chun an creat inniúlachtaí d'aturnaetha agus d'abhcóidí a fhorbairt. Nuair a bheidh siad críochnaithe, beidh dhá chreat inniúlachtaí ar leith ann do gach brainse den ghairm dlí faoi Chreat Inniúlachtaí Náisiúnta uileghabhálach amháin.

2. **Próisis a fhorbairt chun a chur ar chumas an Choiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí soláthraithe oideachais agus oiliúna dlí atá nua agus atá ann cheana a chreidiúnú**

Cuireadh tús le hobair ar phróisis a fhorbairt chun go mbeadh an Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí in ann soláthraithe oideachais agus oiliúna dlí atá nua agus atá ann cheana a chreidiúnú. Áiríodh leis sin athbhreithniú ar thírdhreach reatha Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann chun a shuí conas ba cheart don Choiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí oibriú laistigh de, ionas go mbeadh sé in ann formhaoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar an oideachas agus an oiliúint dlí.

## Tuarascáil Bhliantúil 'Pathways to the Professions', 2024

### *Treochtaí a rianú agus a anailísiú maidir le glacadh sna gairmeacha dlí*

Rinneadh an séú tuarascáil bhliantúil ó ÚRSD dar teideal '*Pathways to the Professions*', a bhaineann le beartais na ngairmeacha dlí maidir le glacadh, a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce i mí Aibreáin 2025. Mar fhreagairt don chomhairliúchán poiblí inar iarradh aighneachtaí i ndáil le beartais na ngairmeacha dlí maidir le glacadh, fuair ÚRSD naoi n-aighneacht ó mheascán de chomhlachtaí poiblí, de ghníomhaireachtaí stáit agus de chomhlachtaí gairmiúla.

I gcás na chéad bhliana, leathnaíodh an tuarascáil chun go n-áireofaí léi faisnéis faoi na soláthraithe oiliúna dlí (an Dlí-Chumann agus Óstaí an Rí), faoi bhealaí solúbtha chuig oiliúint ghairmiúil, agus faoi na tionscnaimh rochtana a ghabhann na trí chomhlacht ghairmiúla (Barra na hÉireann, an Dlí-Chumann agus Óstaí an Rí) de láimh ag an dara leibhéal agus ag an tríú leibhéal. Ceann de na ceanglais athfhillteacha faoin *bPlean Cur Chun Feidhme um Dheireadh a Chur le Bacainní* is ea an fhaisnéis sin a thuairisciú.

Sa tuarascáil *'Pathways to the Professions'*, cuirtear sonraí cuimsitheacha i láthair faoin líon daoine aonair a glacadh chun cleachtadh mar aturnaetha agus mar abhcóidí le linn na bliana 2024. Sa bhliain faoi athbhreithniú, tháinig laghdú beag ar an líon daoine a bhí rollaithe ar na cúrsaí oiliúna gairmiúla d'aturnaetha agus d'abhcóidí (Cúrsa Cleachtaidh Ghairmiúil an Dlí-Chumainn agus Céim Abhcóide Dlí Óstaí an Rí).

Tháinig laghdú freisin, i gcomparáid leis an mbliain roimhe, ar an líon daoine aonair a glacadh chun cleachtadh mar aturnaetha agus mar abhcóidí, tar éis dóibh na cúrsaí oiliúna gairmiúla a chur i gcrích. Mar sin féin, bhí an líon deimhnithe cleachta a bhí ina seilbh ag aturnaetha ag deireadh mhí na Nollag 2024 ar an líon ba mhó a taifeadadh le deich mbliana anuas. Ba chobhsaí go fóill a bhí an líon abhcóidí ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.

Ag deireadh na bliana 2024, b'ionann an líon comhcheangailte iomlán aturnaetha cleachtacha agus abhcóidí cleachtacha agus 15,246 dhuine.




LSRA



# Cumarsáid: caidreamh agus feasacht



Ar aon dul leis an *bPlean Straitéiseach 2022-2025* ó ÚRSD, leanamar le tús áite a thabhairt do chumarsáid agus do chaidreamh mar chuid dhílis de rialáil éifeachtach. Tá ár gcur chuige dírithe ar a chinntiú gur féidir le tomhaltóirí faisnéis shoiléir iontaofa a rochtain nuair a theastaíonn an fhaisnéis sin uathu agus go dtuigeann dlí-chleachtóirí agus geallsealbhóirí eile na hoibleagáidí rialála atá orthu agus an ról atá ag ÚRSD.

Le linn na bliana 2025, thacaigh gníomhaíocht cumarsáide le croífheidhmeanna rialála ÚRSD trí fheasacht an phobail a chur chun cinn, trí fheabhas a chur ar thrédhearcacht maidir le láimhseáil gearán agus maidir le próisis rialála, agus trí chaidreamh tráthúil a éascú le geallsealbhóirí ar fud na hearnála seirbhísí dlí.




## Faisnéis do thomhaltóirí agus feasacht an phobail

Bhí sé mar phríomhthosaíocht againn go fóill sa bhliain 2025 faisnéis inrochtana chruinn a sholáthar do thomhaltóirí. Go háirithe, leanamar le fógraí rabhaidh phoiblí a eisiúint i ndáil le gnólachtaí dlí Éireannacha neamhrialáilte nó "bréige" agus i ndáil le camscéimeanna gaolmhara. Le linn na bliana, d'eisíomar fógraí rabhaidh a bhain le Justice Nexus Law Solicitors agus le Rowan and Walsh Law, lenar cuireadh in iúl do thomhaltóirí nár ghnólachtaí dlí a bhí cláraithe le Dlí-Chumann na hÉireann iad na heintitis sin agus nár bhaill foirne a bhí liostaithe ar Rolla na nAturnaetha ná ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha iad baill foirne na n-eintiteas sin.

Thugamar rabhaidh phoiblí isteach freisin i ndáil le ríomhphoist chamscéime a bhain le hiarratais ar thrádmharcanna Eorpacha agus le bagairtí ar chlárú ainmneacha agus lógónna gnó ar fud an Aontais Eorpaigh. Foilsíodh na fógraí sin ar ár suíomh Gréasáin agus ar ár gcainéil meán sóisialta, agus treoraíodh tomhaltóirí chuig comhairle ó Dhlí-Chumann na hÉireann agus ó Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann. Tá an ghníomhaíocht sin mar chuid den ról atá ag ÚRSD maidir le tomhaltóirí a chosaint agus maidir le muinín an phobail a chothú as seirbhísí dlí.

Le linn na bliana, leathnaíomar ár sraith acmhainní atá dírithe ar an bpobal freisin trí na chéad tuarascálacha téamacha uainn ar ghearáin a fhoilsiú. Bunaithe ar anailís ar na gearáin a fuarthas, díríodh sna tuarascálacha sin ar an dlí teaghlaigh (a foilsíodh i mí Aibreáin 2025) agus ar thíolacadh (a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2025) agus áiríodh leo cás-staidéir, inar tarraingíodh aird ar shaincheisteanna agus iompraíochtaí coitianta is cúis le gearáin. Is é is aidhm do na tuarascálacha sin tacú le tomhaltóirí agus le dlí-chleachtóirí araon trí léargais phraiticiúla a thabhairt agus trí na ceachtanna a foghlaimíodh a leagan amach, agus bonn eolais a chur freisin faoin tuiscint atá ann i gcoitinne ar threochtaí ó thaobh gearán de.

Chun tuiscint níos fearr a chothú ar ionchais rialála agus ar shaincheisteanna coitianta gearáin, chuireamar béim mhéadaithe freisin ar chás-staidéir a úsáid mar uirlis cumarsáide le linn na bliana. Agus sinn ag tógáil ar na cás-staidéir a foilsíodh sna tuarascálacha téamacha ar ghearáin, chuireamar cás-staidéir roghnaithe i láthair i bhformáidí inrochtana Béarla shimplí lena n-úsáid ar fud cainéil dhigiteacha, lena n-áirítear na meáin shóisialta. Leantar leis na cás-staidéir sin a chomhroinnt gach coicís, agus dírítear iontu ar phointí foghlama praiticiúla do thomhaltóirí agus do dhlí-chleachtóirí araon. Bunaithe ar luathchaidreamh, is cosúil gur éirigh leis an gcur chuige sin foghlaim rialála a dhéanamh níos inrochtana agus níos ábhartha do spriocphobail.

## Cainéil dhigiteacha agus ardáin dhigiteacha

Lean ÚRSD le leas a bhaint as a shuíomh Gréasáin agus as a chainéil dhigiteacha mar phríomhuirlisí rialála sa bhliain 2025, rud a thacaigh le cumarsáid thráthúil, le feasacht an phobail agus le caidreamh le tomhaltóirí agus le dlí-chleachtóirí araon. Ghlacamar cur chuige níos éagsúla agus níos freagrúla i leith cumarsáidí digiteacha le linn na bliana, agus sinn ag baint triail as meascán níos leithne d'fhormáidí inneachair agus de stíleanna teachtaireachta ar mhaithe le soiléire, cumhdach agus caidreamh a fheabhsú. Áiríodh leis sin grafaicí statacha, gearrfhíseáin agus inneachar beoite a úsáid agus an t-eolas is deireanaí a thabhairt go tráthúil ar nithe rialála, rud a chuir ar ár gcumas freagairt go tapa do shaincheisteanna a bhí ag teacht chun cinn agus cruinneas, comhsheasmhacht agus comhréireacht a choinneáil ar bun an tráth céanna.

Bhí gníomhaíocht cumarsáide digití dírithe ar thrí chroíréimse: tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi na cearta atá acu agus iad ag déanamh caidreamh le seirbhísí dlí; próisis láimhseála gearán ÚRSD a mhíniú; agus dlí-chleachtóirí a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí agus oibleagáidí rialála. Gineadh rannpháirtíocht láidir arís agus arís eile mar thoradh ar inneachar a bhain le fógraí rabhaidh phoiblí, leis an eolas is deireanaí ar nithe rialála agus le trédhearcacht eagraíochtúil, rud ar léiriú é ar an spéis atá ag an bpobal sna réimsí sin.

Sa bhliain 2025, tháinig fás arís eile ar an gcainéal atá ag ÚRSD ar YouTube, rud a bunaíodh sa bhliain 2024 chun tacú le faisnéis inrochtana a sholáthar do thomhaltóirí. Ar an gcainéal, óstáiltear sraith físeán beoite ina mínítear conas a oibríonn próiseas gearán ÚRSD agus cé na nithe ar féidir le tomhaltóirí a bheith ag súil leo nuair a dhéanann siad gearán, mar aon le seimineár Gréasáin taifeadta ina soláthraítear faisnéis faoi Chomhpháirtíochtaí Dlí. Amharcadh ar na ceithre fhíseán 1,393 huaire san iomlán le linn na bliana 2025.

---

Bhí 2,646 leantóir ag ÚRSD ar LinkedIn ag deireadh na bliana 2025, cothrom le méadú 38 faoin gcéad ar an bhfigiúr don bhliain roimhe, agus 722 leantóir nua á ngnóthú aige le linn na bliana. Gineadh 119,901 imprisean lenár gcuid inneachair sa bhliain 2025, agus meánráta rannpháirtíochta 7.5 faoin gcéad ann.

Baineadh úsáid as sonraí feidhmíochta i rith na bliana chun bonn eolais a chur faoi mhionchoigeartú leanúnach inneachair agus formáide. D'éirigh go han-mhaith le postálacha inar cuireadh rabhaidh rialála in iúl, inar míníodh príomhphróisis, nó inar taispeánadh na daoine atá taobh thiar d'obair ÚRSD, rud ar léiriú é ar an spéis mhór atá ann i dtrédhearcacht, i gcuntasacht agus i gcosaint tomhaltóirí.

Ba iad na fógraí rabhaidh phoiblí a eisíodh i mí Aibreáin, i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2025 agus na postálacha inar cuireadh comhaltaí den Údarás in aithne agus inar cuireadh aistriú ceannaireachta in iúl an t-inneachar ab airde feidhmíocht le linn na bliana. Úsáideadh léargais a gnóthaíodh ó na cumarsáidí sin chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le glór, uainiú agus formáid, rud a thacaigh le cur chuige níos sofhreagrúla agus níos freagrúla i leith cumarsáide, agus é fréamhaithe i ról reachtúil ÚRSD go fóill.

---

Bhí 730 leantóir ag ÚRSD ar X (Twitter roimhe seo) ag deireadh na bliana 2025, cothrom le laghdú 35 leantóir i gcomparáid leis an bhfigiúr ag deireadh na bliana 2024. Is léiriú é sin ar mhórthreochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta lena dtugtar le fios go bhfuil laghdú ag teacht ar úsáid an ardáin. Leanamar le X a úsáid le linn na bliana chun an t-eolas is deireanaí ar nithe rialála, tuarascálacha agus faisnéis phoiblí a chomhroinnt go príomha, agus faireachán á dhéanamh againn an tráth céanna ar athruithe ar an ardán agus ar a oiriúnaí atá sé do chaidreamh leanúnach.

## Feidhmíocht an tsuímh Gréasáin

Is é suíomh Gréasáin ÚRSD an phríomhfhoinse faisnéise mionsonraithe rialála do thomhaltóirí agus do ghairmithe dlí go fóill. Taifeadadh 160,142 chuairteoir ar an suíomh Gréasáin sa bhliain 2025, cothrom le méadú 14 faoin gcéad ar an bhfigiúr don bhliain roimhe. Bhí 25,130 íoslódáil doiciméid uathúil ann freisin.

I measc na leathanach ba mhó cuairt le linn na bliana bhí Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha, faisnéis faoi conas gearán a dhéanamh, inneachar a bhaineann le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta agus le Comhpháirtíochtaí Dlí, agus leathanach gairmeacha ÚRSD. Nuashonraíodh an suíomh Gréasáin go tráthrialta chun tuarascálacha nua, forbairtí rialála agus fógraí eagraíochtúla a léiriú. Le linn na bliana, d'fhoilsíomar 24 chumarsáid inar tugadh an t-eolas is deireanaí faoi nuacht agus faoi ghníomhaíochtaí agus d'eisíomar sé phreaseisiúint.

## Caidreamh, comhairliúchán agus for-rochtain

Gné thábhachtach de chur chuige rialála ÚRSD is ea caidreamh le geallsealbhóirí. Sa bhliain 2025, rinneamar caidreamh leis an bpobal agus le geallsealbhóirí chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an *Phlean Straitéisigh 2025-2028* uainn. Foilsíodh suirbhé seachtrach i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2025 agus fuarthas 201 fhreagra ina leith. Comhlánaíodh an obair sin trí agallaimh dhoimhne a dhéanamh le príomh-gheallsealbhóirí. Chuathas i gcomhairle le baill foirne ÚRSD freisin trí shuirbhé inmheánach a dhéanamh agus trí cheardlanna a éascú, rud a chinntigh gur chuir dearcthaí eagraíochtúla bonn eolais faoin bpróiseas pleanála straitéisí.

D'osclaíomar comhairliúchán poiblí freisin i ndáil le glacadh sa ghairm dlí, agus leas á bhaint againn as ár suíomh Gréasáin agus as ár gcainéil meán sóisialta chun aighneachtaí i scríbhinn a iarraidh. Chuir an comhairliúchán sin bonn eolais faoi ullmhú na tuarascála bliantúla '*Pathways to the Professions'* ó ÚRSD.


Leanamar le tús áite a thabhairt do chaidreamh díreach le gairmithe dlí agus lena gcomhlachtaí ionadaíocha le linn na bliana. Chuaigh an Príomhfheidhmeannach agus baill foirne shinsearacha i mbun caidreamh tráthrialta le Dlí-Chumann na hÉireann, le Barra na hÉireann agus le Cumann Onórach Óstaí an Rí trí chruinnithe, trí chuairteanna agus trí ócáidí labhartha.


Ghlacamar páirt freisin i gcomhdhálacha intíre agus idirnáisiúnta agus in imeachtaí gairmiúla, rud a chothaigh feasacht ar obair ÚRSD agus a sholáthair deiseanna le haghaidh idirphlé agus le haghaidh foghlaim chomhroinnte.

Tugtar liosta in Aguisín 1 de na gníomhaíochtaí sin agus de ghníomhaíochtaí eile a rinneadh: Príomhghníomhaíochtaí.

## Clúdach sna meáin

Leanamar de chaidreamh a dhéanamh leis na meáin náisiúnta agus réigiúnacha, agus le foilseacháin trádála dlí, mar chainéil thábhachtacha le haghaidh faisnéis rialála agus taighde a chur in iúl. Le linn na bliana 2025, clúdaíodh roinnt tuarascálacha agus fógraí ó ÚRSD sna meáin náisiúnta chló, chraolacháin agus dlí, lenar áiríodh The Irish Times, The Irish Independent, The Law Society Gazette agus Irish Legal News. D'eisíomar sé phreaseisiúint sa bhliain, agus thugamar freagra ar cheisteanna ó na meáin de réir mar a tháinig siad isteach.




Irish Legal News
About
Advertise
News
Analysis
Case Reports
Jobs
Events
LRSA report reveals 829 complaints made against lawyers in six-month period
24 APR 2025
Reading time: 4 minutes
The Legal Services Regulatory Authority (LRSA) has published its first complaints report for 2025 which shows it received 829 complaints in a six month period, with 839 complaints closed.
Irish Independent
DPP warns of emerging lack of criminal lawyers in some parts of the country
Top Stories
Most Read
THE IRISH TIMES
Solicitors told by legal watchdog to keep clients informed on costs in family law proceedings
Irish Legal News
Latest Articles
Dr Don Thornhill chairing new LSRA committee on education and training
Find out how to support FLAC through volunteering or making a donation
gazette
Home
Top Stories
In-depth
Magazine
LPDT
Legal Practitioners Disciplinary Tribunal
An Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí
LPDT seeks practitioners for advisory panel
The Legal Practitioners Disciplinary Tribunal (LPDT) is seeking expressions of interest from applicants for appointment to a panel of legal assessors
LAW SOCIETY
gazette
IRELAND
Home
Top Stories
In-depth
Magazine
Gallery
Search
Departing LSRA chief Dr Brian Doherty
24 Apr 2025 REGULATION
PRINT
Irish Independent
News
Opinion
Business
Sport
Life
Style
Aggrieved banks behind 14pc surge in complaints to watchdog about lawyers

# 4. Rialachas agus Bainistíocht

## Comhaltaí den Údarás agus a gcomhlachtaí ainmniúcháin

***Is mar a leanas atá na comhaltaí den Údarás agus a gcomhlachtaí ainmniúcháin faoin Acht:***



**Tom Boland, Cathaoirleach**
*An tÚdarás um Ard-Oideachas*

I láthair na huaire, tá Tom Boland ina Chomhpháirtí Bainistíochta comhpháirteach in BH Associates, Sainchomhairleoirí Oideachais. Ar feadh 12 bhliain go dtí mí Lúnasa 2016, bhí sé ar an bPríomhfheidhmeannach ar an Údarás um Ard-Oideachas. Sna deich mbliana roimhe sin, d'fhóin sé mar Chomhairleoir Dlí agus mar Stiúrthóir um Beartas Straitéiseach sa Roinn Oideachais.  Tá céimeanna aige san innealtóireacht shibhialta agus sa dlí agus glaodh chun Barra na hÉireann é sa bhliain 1989. Bhronn Ollscoil na hÉireann Dochtúireacht san Oideachas (Hon. Causa) air sa bhliain 2017.

I láthair na huaire, tá Tom ar an gcathaoirleach ar Bhord Cheolfhoireann Náisiúnta Óige na hÉireann agus tá sé ina chomhalta de Choiste Cáilíochta Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn.  Bhí poist bhoird aige roimhe seo i gComhaltacht Denham, i bhFondúireacht Eolaíochta Éireann, i gCoimisiún Fulbright agus san Ollscoil Liachta agus Eolaíochtaí Sláinte (RCSI). Bhí sé ina chathaoirleach ar bhord Benefacts agus ar bhord HeaNet agus bhí sé ina leasuachtarán ar fhochoiste ECFE um ardoideachas.



## Éilis Barry

*Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas*

Is í Éilis Barry Príomhfheidhmeannach FLAC (Ionaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce), eagraíocht neamhrialtasach neamhspleách um dhlí, comhionannas agus cearta an duine a fhéachann le rochtain ar an gceartas a chur chun cinn.  Roimhe sin, b'abhcóide í a rinne speisialtóireacht i ngach gné den dlí fostaíochta, sa dlí frith-idirdhealaithe agus sa dlí comhionannais. Is idirghabhálaí deimhnithe í. Bhí sí mar Chomhairleoir Dlí don Údarás Comhionannais agus mar cheann a rannáin dlí ón mbliain 2000 go dtí an bhliain 2009. Bhí sí ina comhalta boird den Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Tá sí ina comhalta den Choiste um Rochtain ar an gCeartas de chuid an Phríomh-Bhreithimh agus ina hOllamh Taca i scoil an dlí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.



## Shane Galligan

*Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí*

Tá Shane Galligan ina Chomhpháirtí le Cuntasóirí Costas Dlí Behan & Associates. Tá sé ina Chomhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí, tá sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Oideachais agus, ón mbliain 2012 i leith, tá sé ina chomhalta de Chomhairle Rialaithe na hInstitiúide, rud atá comhdhéanta de sheisear.

Tá Shane ina chomhalta d'Institiúid Chairte na nEadránaithe agus tá sé ina idirghabhálaí creidiúnaithe (CIArb) freisin.



## Paul McGarry SC

*Cumann Onórach Óstaí an Rí*

Bhí Paul McGarry SC ar an gCathaoirleach ar Bharra na hÉireann ón mbliain 2016 go dtí an bhliain 2018. Tá sé ina Bhinseoir d'Óstaí an Rí agus tá sé ina Mháistir ar an mBinse in Middle Temple i Londain. Is sa dlí tráchtála, sa dlí poiblí agus sa dlí Eorpach a chleachtann sé den chuid is mó. Roimhe sin, bhí sé ar an gCathaoirleach ar Chomhlachas Barra an Aontais Eorpaigh (2017-2019) agus ar an gCathaoirleach ar Chomhlachas Barra an Dlí Spóirt (2017-2020) agus bhí sé mar cheann thoscaireacht na hÉireann chuig Comhairle na mBarraí Eorpacha (2016-2023).

Is idirghabhálaí creidiúnaithe agus eadránaí seanchleachta é Paul. Bhí sé ar an Uachtarán ar Arbitration Ireland ón mbliain 2022 go dtí an bhliain 2024.



**Sara Moorhead SC**
*Barra na hÉireann*

Tá Sara Moorhead ina hAbhcóide Sinsir agus ina hidirghabhálaí creidiúnaithe de chuid an Ionaid um Réiteach Éifeachtach Díospóidí. Oibríonn sí go príomha mar dhlíodóir trialacha/abhcóide seomra cúirte. Tá saineolas fairsing aici ar na réimsí seo a leanas: athbhreithniú breithiúnach; díobhálacha pearsanta; an dlí riaracháin agus dlí na gconarthaí; faillí leighis; faillí ghairmiúil; an dlí árachais; agus an dlí neamhghiúiré, tearmainn agus inimirce.

Rinne Sara ionadaíocht don Rialtas in imeachtaí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Chuir sí comhairle ar Oifig an Chomhairleora Dlí Parlaiminte agus ghníomhaigh sí mar Abhcóide Dlí i roinnt binsí fiosrúcháin freisin.



**Simon Murphy**
*Dlí-Chumann na hÉireann*

Is comhpháirtí in JRAP O'Meara LLP Solicitors i gCorcaigh é Simon Murphy. Is eadránaí agus idirghabhálaí cáilithe é. Rinne sé cathaoirleacht roimhe seo ar phríomhchoistí rialála Dhlí-Chumann na hÉireann agus tá roinnt ról rialála aige ar fud gairmeacha éagsúla faoi láthair.

Chaith Simon roinnt mhaith blianta mar chomhalta tofa de Chomhairle Dhlí-Chumann na hÉireann agus bhí sé ar an Uachtarán ar Dhlí-Chumann na hÉireann sa bhliain 2015-2016. Tá sé ina iaruachtarán ar Chomhlachas Dlí an Deiscirt freisin.



**Michele O'Boyle SC**
*Dlí-Chumann na hÉireann*

Is aturnae í Michele O'Boyle SC agus tá sí ina hOllamh Taca le Dlí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Tá Michele ar an gcomhpháirtí dlíthíochta sibhialta in O'Boyle Solicitors, Sligeach, áit a bhfuil taithí fhairsing gnóthaithe aici ar an dlí díobhálacha pearsanta, ar an dlí teaghlaigh agus ar an dlí fostaíochta.  Ghníomhaigh sí ar son roinnt éilitheoirí i scéimeanna éagsúla ordaithe ceannaigh éigeantaigh agus i nithe dlí pleanála agus comhshaoil.

Bhí sí ina comhalta tofa de Chomhairle Dhlí-Chumann na hÉireann ar feadh breis agus 20 bliain agus d'fhóin sí mar Uachtarán ar an Dlí-Chumann sa bhliain 2019-2020. Fónann sí ar choistí de chuid an Dlí-Chumainn agus, mar ainmní de chuid an Dlí-Chumainn, fónann sí ar Choiste Rialacha na gCúirteanna Uachtaracha. D'fhóin sí roimhe sin ar Choiste Rialacha na Cúirte Cuarda.

Tá Michele ina comhalta Comhairle den Chomhlachas Barra Idirnáisiúnta. Tá sí ina comhalta de Chomhlachas Barra Aturnaetha Shligigh agus ina hiar-Uachtarán ar an gComhlachas sin. Chomh maith leis sin, tá sí ina Stiúrthóir de Irish Rule of Law International agus tá sí ina Stiúrthóir de Benburb Street Property Company Limited.Bhí post Boird ag Michele roimhe seo leis an tSeirbhís Chúirteanna.



**Bríd O'Donovan**
*An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh*

Tá Bríd O'Donovan ar an mbunaitheoir agus ina stiúrthóir de Comhairle Consulting, cuideachta a sholáthraíonn tacaíocht sainchomhairleoireachta agus cóitseála d'fhoirne ceannaireachta sinsearaí sna réimsí seo a leanas: straitéis; forbairt samhlacha oibriúcháin inmheánaigh; rialachais; agus éifeachtacht boird. Bhí roinnt róil ceannaireachta sinsearaí ag Bríd roimhe seo le AIB.

Tá céim BA san Eacnamaíocht ag Bríd, is cuntasóir cáilithe í agus tá céim MBA aici ó Scoil Ghnó Smurfit. Is stiúrthóir bainc deimhnithe í agus is idirghabhálaí creidiúnaithe í. Tá sí ina comhalta den Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus de Chlub Óige Belvedere. Tá sí ina comhalta de choiste iniúchóireachta Thailte Éireann. Bhí poist bhoird aici roimhe seo le hInstitiúid Idirghabhála na hÉireann agus le Bord Eatramhach Athchóirithe Soláthair an Rialtais agus bhí sí ina comhalta de choiste éagsúlachta agus cuimsithe an Irish Fund Directors Association.



**Paul O'Donovan**
*Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann*

I láthair na huaire, tá Paul O'Donovan ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar O'Donovan Associates. Thosaigh Paul a ghairm le Arthur Andersen & Co. agus tá sé ag obair mar shainchomhairleoir bainistíochta le breis agus 30 bliain anuas. Déanann sé speisialtóireacht i dtionscadail straitéiseacha agus oibríochtaí agus i seirbhísí comhairleacha d'institiúidí airgeadais, do chomhlachtaí ionadaíocha agus do rialálaithe.

Tá céim sa tráchtáil ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, ag Paul, tá Ard-Dioplóma i gCuntasaíocht Bainistíochta ó Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta (CIMA) aige agus bhí sé ina léachtóir lánaimseartha i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, agus ina léachtóir páirtaimseartha sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá sé ina iar-Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach den Investor Compensation Company Limited de chuid an Stáit, tá sé ina Stiúrthóir de Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa agus tá sé ina chomhalta comhairle de Chumann Ríomhaireachta na hÉireann.



**Síona Ryan**
*An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí*

Tá Síona Ryan ar an Stiúrthóir um Rialáil Dhigiteach agus Sonraí sa Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Roimhe sin, bhí sí i gceannas ar an Rannán um Beartas, Taighde agus Gnóthaí Idirnáisiúnta san eagraíocht sin. Tá taithí fhairsing beartais phoiblí ag Síona in institiúidí Éireannacha, in institiúidí Eorpacha agus in institiúidí idirnáisiúnta.

Bhí ról lárnach aici sa bheartas poiblí a fhorbairt agus i reachtaíocht atá ag teacht chun cinn in Éirinn, lena n-áirítear i réimsí an dlí iomaíochta, an dlí cuideachtaí agus an dlí maoine intleachtúla. Tá céim MA i gCaidreamh Idirnáisiúnta agus céim MA sa Dlí araon ag Síona.



**Emily Sherlock**
*An Bord um Chúnamh Dlíthiúil*

Cháiligh Emily Sherlock mar aturnae i Sasana agus an Bhreatain Bheag sa bhliain 2005, ag obair di ar dtús i gcleachtas ginearálta i Sasana agus an Bhreatain Bheag. Glacadh le Emily ar Rolla na nAturnaetha i dTuaisceart Éireann agus ansin i bPoblacht na hÉireann, agus chaith sí formhór a gairme ag déanamh speisialtóireacht sa dlí teaghlaigh, sa dlí cúram leanaí agus sa dlíthíocht shibhialta.

Chuaigh Emily isteach sa Bhord um Chúnamh Dlíthiúil sa bhliain 2011 agus ceapadh í mar Stiúrthóir um Sholáthar Seirbhísí Inmheánacha (Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta) leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil i mí na Nollag 2023. Tá Máistreacht sa Dlí aici agus bhí sí ina comhalta coiste den Choiste um Dhlí Teaghlaigh agus Leanaí de chuid an Dlí-Chumainn. Tá Emily ina comhalta de roinnt coistí leis an Roinn Dlí agus Cirt agus leis an tSeirbhís Chúirteanna. Mar Stiúrthóir ar Sholáthar Seirbhísí Inmheánacha (Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta), tá freagracht ar Emily as líonra ionad dlí an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil a sholáthraíonn seirbhísí dlí thar ceann an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, agus tá sí ina comhalta den Fhoireann Ardbhainistíochta laistigh den eagraíocht.



**William Abrahamson**
*Comhairle an Bharra*

Is abhcóide cleachtach é William Abrahamson SC. Glaodh chun an Bharra é sa bhliain 2001 agus glacadh isteach i mBarra na Sinsear é sa bhliain 2021. Tá cleachtas síbhialta leathan aige, agus díriú ar leith á leagan aige ar réimsí an dlí tráchtála/an dlí seansaireachta agus an dlí riaracháin/an dlí phoiblí. I measc a chliant tá eintitis chorparáideacha éagsúla, idir eintitis intíre agus eintitis idirnáisiúnta, chomh maith le Stát na hÉireann agus le heintitis stáit.

Is idirghabhálaí creidiúnaithe (an tIonad um Réiteach Éifeachtach Díospóidí) é William freisin. D'fhóin sé mar chomhalta de Choiste Oideachais Chumann Onórach Óstaí an Rí agus mar chomhalta de Choiste Leabharlainne Bharra na hÉireann.



**Simon Barry**
*An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí*

Is é Simon Barry an Stiúrthóir um Thaighde, Tathant agus Gnóthaí Idirnáisiúnta sa Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC), áit a bhfuil sé i gceannas ar obair thaighde agus thathanta CCPC maidir le nithe iomaíochta agus cosanta tomhaltóirí agus a ndéanann sé ionadaíocht don eagraíocht i bhfóraim idirnáisiúnta. Tá breis agus 30 bliain de thaithí ghairmiúil aige ar réimsí amhail seirbhísí airgeadais, an beartas eacnamaíoch agus poiblí, an chomhairleoireacht agus an saol acadúil, agus tá taithí shuntasach aige ar chomhairleoireacht agus rialachas ar leibhéal an bhoird, lena n-áirítear seirbhís ar bhoird.

Sula ndeachaigh sé isteach in CCPC, d'fhóin Simon ar feadh breis agus dhá bhliain déag mar Phríomheacnamaí i mBanc Uladh, áit ar thug sé comhairle agus anailís eacnamaíoch straitéiseach do bhord, feidhmeannaigh shinsearacha agus custaiméirí an bhainc, rud a bhí mar bhonn eolais faoin straitéis ghnó agus mhargaidh, faoin bpleanáil, agus faoin mbainistíocht riosca. Roimhe sin, bhí sé ina chomhalta boird de Forfás, iarchomhlacht comhairleach an Rialtais maidir leis an bhfiontraíocht, leis an trádáil, leis an eolaíocht, leis an teicneolaíocht agus leis an nuálaíocht. Tá céim Mháistreachta in Eolaíocht Eacnamaíoch agus céim Baitsiléara Tráchtála ag Simon ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

# Struchtúr an Údaráis

Cuimsíonn an tÚdarás Cathaoirleach agus deichniúr gnáthchomhaltaí, a gceapann an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce gach duine díobh. Ceaptar comhaltaí an Údaráis ar feadh tréimhse trí bliana go ceithre bliana, agus tagann siad le chéile uair amháin ar a laghad gach trí mhí. Féadfaidh Comhaltaí an Údaráis fónamh ar feadh ocht mbliana san iomlán.

D'fhóin comhalta amháin den Údarás, mar atá Sara Moorhead SC Uas. (ainmní de chuid Chomhairle an Bharra), go dtí gur tháinig a téarma chun deiridh i mí Mheán Fómhair 2025. Tháinig an tUas. William Abrahamson SC in ionad Sara Moorhead Uas. ar an Údarás. Cheap an tAire an tUas. Abrahamson go ceann téarma ceithre bliana le héifeacht ón 12 Samhain 2025.

Rinne comhalta amháin eile den Údarás, mar atá Síona Ryan Uas. (ainmní de chuid an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC)), téarma trí bliana a chur isteach, agus tháinig an tUas. Simon Barry isteach ina hionad, ar duine é a cheap an tAire go ceann téarma ceithre bliana le héifeacht ón 12 Samhain 2025.

Athcheapadh comhalta amháin a bhí ann cheana (an tUas. Shane Galligan) chuig an Údarás don dara téarma trí bliana le héifeacht ón 12 Samhain 2025.

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoin tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha agus áirítear leis iad sin a bhí ina gcomhaltaí sa bhliain 2025.

### Téarmaí Oifige an Údaráis

| Comhalta den Údarás | Eagraíocht | An Chéad Téarma Ceapacháin[1] | An Dara Téarma Ceapacháin[2] | An Tríú Téarma Ceapacháin |
|---|---|---|---|---|
| Tom Boland[3] | An tÚdarás um Ard-Oideachas | 4 Bliana | - | - |
| Shane Galligan[4] | Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí | 14 mhí | 3 Bliana | 3 Bliana |
| Éilis Barry[5] | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 5 mhí | 4 Bliana | - |
| Sara Moorhead SC[6] | Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann) | 17 mí | 3 Bliana | 3 Bliana |

1. Faoi alt 10 den Acht, déanfaidh cúigear de na comhaltaí den Údarás, a roghnófar trí chrannchur, oifig a shealbhú ar feadh tréimhse 3 bliana. Déanfaidh na comhaltaí eile, an Cathaoirleach ina measc, oifig a shealbhú ar feadh tréimhse 4 bliana. Féadfaidh comhaltaí a bheith athcheaptha chuig an Údarás. Mar sin féin, ní bheidh téarma an cheapacháin níos faide sa chomhiomlán ná 8 mbliana.
2. Chomhaontaigh comhaltaí a bhí ar théarma trí bliana a dtéarma a fhadú go ceann trí bliana eile faoi alt 10 d'Acht 2015.
3. Ceapadh an comhalta seo le héifeacht ón 11 Nollaig 2024 i leith.
4. Ceapadh Shane Galligan chuig an Údarás le héifeacht ón 22 Iúil 2021 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 go ceann an téarma a bhí fágtha ag Stephen Fitzpatrick ar éirí as dó. Athcheapadh Shane Galligan go ceann 3 bliana eile ón 1 Deireadh Fómhair 2022 i leith agus go ceann 3 bliana eile le héifeacht ón 12 Samhain 2025.
5. Ar ainmniúchán ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, ceapadh Éilis Barry chuig an Údarás i mí Aibreáin 2024 ar feadh an téarma a bhí fágtha de cheapachán bunaidh Deirdre Malone, a d'éirigh as sa bhliain 2023, go dtí deireadh mhí Meán Fómhair 2024 agus athcheapadh í go ceann téarma ceithre bliana ón 11 Nollaig 2024 i leith.
6. Ceapadh Sara Moorhead chuig an Údarás i mí na Bealtaine 2018 tar éis David Barniville a cheapadh chun na hArd-Chúirte. Bhí an ceapachán sin le maireachtáil ar feadh an téarma a bhí fágtha den cheapachán bunaidh agus athnuadh é ón 1 Deireadh Fómhair 2019 i leith. Athcheapadh Sara Moorhead go ceann trí bliana eile ón 1 Deireadh Fómhair 2022 i leith agus tháinig a téarma oifige chun deiridh an 30 Meán Fómhair 2025.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Simon Murphy[7] | Dlí-Chumann na hÉireann | 4 Bliana | 4 Bliana | - |
| Síona Ryan[8] | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 7 mí | 3 Bliana | - |
| Paul McGarry SC[9] | Cumann Onórach Óstaí an Rí | 4 Bliana | - | - |
| Michele O'Boyle SC[10] | Dlí-Chumann na hÉireann | 3 Bliana | - | - |
| Bríd O'Donovan[11] | An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | 4 Bliana | - | - |
| Paul O'Donovan [12] | Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann | 3 Bliana | | - |
| Emily Sherlock[13] | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 4 Bliana | | - |
| Simon Barry [14] | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 4 Bliana | | - |
| William Abrahamson SC[15] | Comhairle an Bharra | 4 Bliana | | - |

Ba iad seo a leanas na Comhaltaí den Údarás ag deireadh na bliana 2025.

### Na Comhaltaí den Údarás ag deireadh na bliana 2025

| Comhalta | Comhlacht Ainmniúcháin |
|---|---|
| Tom Boland (Cathaoirleach) | An tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) |
| William Abrahamson SC | Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann) |
| Éilis Barry | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas |
| Simon Barry | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) |
| Shane Galligan | Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí (ILCA) |
| Paul McGarry SC | Cumann Onórach Óstaí an Rí |
| Simon Murphy | Dlí-Chumann na hÉireann |
| Michele O'Boyle SC | Dlí-Chumann na hÉireann |
| Bríd O'Donovan | An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh |
| Paul O'Donovan | Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann (CAI) |
| Emily Sherlock | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil |

7. Ceapadh Simon Murphy chuig an Údarás ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 tar éis é a bheith ainmnithe ag an Dlí-Chumann, agus athcheapadh é le héifeacht ón 11 Nollaig 2024 i leith go ceann tréimhse bhreise ceithre bliana.
8. Ceapadh Síona Ryan chuig an Údarás ón 23 Feabhra 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 agus athcheapadh í go ceann trí bliana eile ón 1 Deireadh Fómhair 2022 i leith.
9. Ceapadh an comhalta seo le héifeacht ón 11 Nollaig 2024 i leith.
10. Ceapadh an comhalta seo le héifeacht ón 11 Nollaig 2024 i leith.
11. Ceapadh an comhalta seo le héifeacht ón 11 Nollaig 2024 i leith.
12. Ceapadh an comhalta seo le héifeacht ón 11 Nollaig 2024 i leith.
13. Ceapadh an comhalta seo le héifeacht ón 11 Nollaig 2024 i leith.
14. Ceapadh an comhalta seo le héifeacht ón 12 Samhain 2025 i leith.
15. Ceapadh an comhalta seo le héifeacht ón 12 Samhain 2025 i leith.

# Gníomhaíochtaí an Údaráis

Tháinig an tÚdarás le chéile sé huaire sa bhliain (ceithre ghnáthchruinniú agus dhá chruinniú a bhain le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nua a earcú), agus corp suntasach oibre á thabhairt ar aghaidh aige chun leanúint le feidhmeanna an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí a thógáil agus a chur i gcrích. Foilsítear ar shuíomh Gréasáin ÚRSD na miontuairiscí ó gach cruinniú de chuid an Údaráis.

## An chéad chruinniú de chuid an Údaráis

Roimh an gcéad chruinniú de chuid an Údaráis sa bhliain, rud a cuireadh ar siúl an 6 Feabhra 2025, cuireadh seisiún ionduchtúcháin agus faisnéise ar siúl do chomhaltaí an Údaráis, ar thug comhaltaí den Fhoireann Ardbhainistíochta in ÚRSD láithreoireachtaí lena linn. Ag an gcruinniú féin, thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi ghníomhaíochtaí an Choiste Feidhmiúcháin ón gcruinniú deireanach de chuid an Údaráis i mí Mheán Fómhair 2024 i leith. Áiríodh leis sin an t-eolas is deireanaí faoi earcaíocht/soláthar foirne agus láithreoireacht ar chlár rioscaí ÚRSD. Chuir an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an tÚdarás ar an eolas faoi thorthaí an mheasúnaithe sheachtraigh ar fheidhmíocht rialachais an Údaráis a cuireadh i gcrích sa bhliain 2024. D'athbhreithnigh an tÚdarás na cuntais bhainistíochta do ÚRSD/LPDT ag deireadh mhí na Nollag 2024 agus cuireadh ar an eolas é faoi phlean 2024 i ndáil leis an bpróiseas tobhaigh. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi fheidhmíocht Rannóg Gearán agus Réiteach ÚRSD agus faoi oibriú LPDT. Áiríodh leis sin tuarascáil staidrimh agus deais.

Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an t-eolas is deireanaí don Údarás faoin dul chun cinn ó thabhairt isteach an chreata um Chomhpháirtíochtaí Dlí i mí Dheireadh Fómhair 2024 i leith. Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin achoimre chúlra don Údarás ar an tuarascáil um Dheireadh a Chur le Bacainní agus ar na gníomhaíochtaí as ar eascair bunú an Choiste um an Oideachas agus an Oiliúint ag an Údarás (faoi alt 16 d'Acht 2015) agus ar an moladh maidir le creat inniúlachtaí don oideachas dlí a bhunú.

Chuir an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Plean Gnó agus clár gníomhaíochtaí ÚRSD don bhliain 2025 i láthair, agus leag sé amach an mhodheolaíocht le haghaidh an chéad phlean straitéiseach eile ó ÚRSD a fhorbairt, lena gcumhdaítear an tréimhse 2025-2028.

## An dara cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an dara cruinniú den bhliain dá chuid, a cuireadh ar siúl an 13 Márta 2025, thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi ghníomhaíochtaí an Choiste Feidhmiúcháin ó bhí an cruinniú deireanach de chuid an Údaráis ann, lenar áiríodh an t-eolas is deireanaí faoin gcaidreamh le geallsealbhóirí, faoin bplean gnó bliantúil, faoin bplean straitéiseach,

faoi earcaíocht/soláthar foirne, faoi rannpháirtíocht ÚRSD sa Ghrúpa Oibre um Thithíocht do Chách a Chur Chun Feidhme, agus faoi ghníomhaíocht Frithsciúrtha Airgid i gcomhthéacs ÚRSD agus LPDT araon.

Cheadaigh an tÚdarás ceapadh comhaltaí chuig Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ÚRSD/LPDT. Cheadaigh an tÚdarás athcheapadh comhaltaí áirithe chuig an gCoiste um Ghearáin agus chuig an gCoiste Athbhreithnithe. Chomh maith leis sin, cheadaigh an tÚdarás ceapadh comhaltaí chuig an gCoiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí a bunaíodh i mí Mheán Fómhair 2024.

Cheadaigh an tÚdarás roinnt doiciméid rialachais a ndearnadh athbhreithniú orthu de bhun na tuarascála ar an measúnú seachtrach ar fheidhmíocht an Údaráis. Ba iad seo a leanas na doiciméid a ceadaíodh.

» Téarmaí Tagartha an Údaráis
» An Cód Iompair do Chomhaltaí an Údaráis
» An Cód Iompair d’Fhostaithe ÚRSD
» Tarmligean Feidhmeanna chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Chuir ionadaithe do Crowleys DFK, cuntasóirí ÚRSD, na Dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain 2024 faoi bhráid an Údaráis ag an gcruinniú. Thug an tÚdarás dá aire na Dréacht-Ráitis Airgeadais 2024 agus luaigh sé roinnt leasuithe a bheadh le cur i bhfeidhm ag Coiste Feidhmiúcháin ÚRSD agus ag cuntasóirí ÚRSD. Cheadaigh an tÚdarás go gcuirfí na dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain 2024 faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, faoi réir iad a athbhreithniú agus a cheadú ag cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca roimh dheireadh mhí an Mhárta 2025.

Thug an tÚdarás dá aire cuntais bhainistíochta ÚRSD go dtí deireadh mhí Eanáir 2025, thug sé dá aire Buiséad ÚRSD/LPDT don bhliain 2025, agus tugadh an t-eolas is deireanaí dó faoin dul chun cinn maidir le ríomh an tobhaigh sa bhliain 2025. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi fheidhmíocht Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach ÚRSD agus faoi oibriú LPDT. Áiríodh leis sin tuarascáil staidrimh agus deais.

Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi na fionnachtana agus conclúidí ardleibhéil ó Thuarascáil Bhliantúil Alt 33 maidir le Beartais na nGairmeacha Dlí maidir le Glacadh. Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi Choiste Alt 16 um an Oideachas agus an Oiliúint agus faoin gcéad Tuarascáil uasdátaithe don Aire maidir leis an dul chun cinn ar an bPlean Cur Chun Feidhme um Dheireadh a Chur le Bacainní.

## An tríú cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an tríú cruinniú den bhliain dá chuid,

a cuireadh ar siúl an 12 Meitheamh 2025, thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi ghníomhaíochtaí ón gcruinniú deireanach i leith, lenar áiríodh an clár rioscaí nuashonraithe. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi fhoilsiú/chur isteach na dtuarascálacha seo a leanas ón gcruinniú deireanach i leith agus thug sé dá aire é.

- *Tuarascáil Bhliantúil 2024 ó ÚRSD*
- *Tuarascáil 'Pathways to the Professions'*, 2024 (tuarascáil alt 33)
- An chéad tuarascáil leathbhliantúil ar *Láimhseáil Neamhspleách Gearán* sa bhliain 2025 (tuarascáil alt 73)
- An chéad uasdátú leathbhliantúil ar an dul chun cinn maidir le *Deireadh a Chur le Bacainní* sa bhliain 2025

Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoin bpróiseas tobhaigh sa bhliain 2025 (i leith na bliana airgeadais 2024), agus fógraí measúnachta tobhaigh eisithe chuig an Dlí-Chumann, chuig Barra na hÉireann, agus chuig abhcóidí cleachtacha aonair nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad an 21 Bealtaine 2025.
Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi chaidreamh ÚRSD leis an nGrúpa Oibre um Thithíocht do Chách a Chur Chun Feidhme. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi fheidhm iniúchtaí ÚRSD, lenar áiríodh an t-acmhainniú. Thug Cathaoirleach an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi chruinnithe an Choiste a tionóladh an 25 Márta agus an 24 Aibreán 2025.

Cheadaigh an tÚdarás athcheapadh comhaltaí áirithe chuig an gCoiste Athbhreithnithe.

Rinne an tÚdarás athbhreithniú agus ceadú ar an tuarascáil ar rialuithe inmheánacha na bliana 2024 do ÚRSD/LPDT, rud a chuir an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce i gcrích. Thug an tÚdarás dá aire na cuntais bhainistíochta agus na tuarascálacha ar dhifríochtaí gaolmhara go dtí deireadh mhí Aibreáin 2025.

Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi fheidhmíocht Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach ÚRSD agus faoi oibriú LPDT. Áiríodh leis sin tuarascáil staidrimh agus deais.

Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi ghníomhaíochtaí i leith an Phlean Cur Chun Feidhme um Dheireadh a Chur le Bacainní agus i leith Choiste Alt 16 um an Oideachas agus an Oiliúint ó bhí an Cruinniú deireanach de chuid an Údaráis ann i mí an Mhárta i leith.

## An ceathrú cruinniú de chuid an Údaráis – cruinniú speisialta de chuid an Údaráis

Cruinniú speisialta de chuid an Údaráis ba ea an ceathrú cruinniú de chuid an Údaráis sa bhliain 2025 chun plé a dhéanamh ar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin nua a earcú do ÚRSD, agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a bhí in oifig le fágáil i lár mhí Mheán Fómhair 2025. Áiríodh leis sin Coiste de chuid an Údaráis a bhunú chun an próiseas earcaíochta a chur ar aghaidh.

## An cúigiú cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an gcúigiú cruinniú den bhliain dá chuid, a cuireadh ar siúl an 4 Meán Fómhair 2025, thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi ghníomhaíochtaí ó chruinniú an Údaráis i mí an Mheithimh i leith, lenar áiríodh maidir le cruinniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce i ndáil le ceanglais Frithsciúrtha Airgid a Chomhrac agus i ndáil le clár rioscaí nuashonraithe.

Cheadaigh an tÚdarás ceapadh comhaltaí nua agus athcheapadh comhaltaí áirithe chuig an gCoiste um Ghearáin de chuid ÚRSD.

Thug an tÚdarás dá aire cuntais bhainistíochta ÚRSD/LPDT agus na tuarascálacha ar dhifríochtaí gaolmhara go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2025. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoin tobhach sa bhliain 2025, agus thug an tÚdarás dá aire go raibh ráta comhlíonta 98.52% ann.

Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi fheidhmíocht Rannóg Gearán agus Réiteach ÚRSD agus faoi oibriú LPDT. Áiríodh leis sin tuarascáil staidrimh agus deais.

Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi ghníomhaíochtaí i leith an *Phlean Cur Chun Feidhme um Dheireadh a Chur le Bacainní* agus i leith an Choiste um an Oideachas agus an Oiliúint ón gcruinniú deireanach de chuid an Údaráis i leith. Cuireadh in iúl don Údarás go gcuirfí an dara tuarascáil leathbhliantúil ar an dul chun cinn maidir le *Deireadh a Chur le Bacainní* faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce roimh an 12 Meán Fómhair 2025.

Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi obair an Ghrúpa Oibre um Thithíocht do Chách a Chur Chun Feidhme. Cuireadh in iúl don Údarás go raibh sé mar chuid de ról ÚRSD cúnamh a thabhairt i roinnt sruthanna oibre, lena n-áirítear Cairt Dea-Chleachtais d’Aturnaetha agus do Ghníomhairí Eastáit a fhorbairt agus samhail fhéideartha a fhorbairt trína bhféadfaí ríomhthíolacadh a sholáthar.

Phléigh an tÚdarás an dréacht-Phlean Straitéiseach 2025-2028 agus cheadaigh sé é.

## An séú cruinniú de chuid an Údaráis – cruinniú speisialta de chuid an Údaráis

Thionóil an tÚdarás cruinniú speisialta an 15 Nollaig chun ceapachán Niamh Muldoon Uas. mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin nua ar ÚRSD a cheadú, ar ceapachán é a bhí le tosú an 23 Márta 2026.

**Freastal ar Chruinnithe Údarás ÚRSD, 2025**

| Comhalta | 06/02/25 | 13/03/25 | 12/06/25 | 11/07/25 | 04/09/25 | 15/12/25 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tom Boland (Cathaoirleach) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| William Abrahamson SC | n/b | n/b | n/b | n/b | n/b | ✓ |
| Éilis Barry | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Simon Barry | n/b | n/b | n/b | n/b | n/b | ✓ |
| Shane Galligan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Paul McGarry SC | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Sara Moorhead SC | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | n/b |
| Simon Murphy | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Michele O'Boyle SC | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Bríd O'Donovan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Paul O'Donovan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Síona Ryan | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | n/b |
| Emily Sherlock | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ |

## Ráitis airgeadais agus soláthar

Sa bhliain 2025, chuir an tÚdarás an t-ochtú tacar ráiteas airgeadais uaidh don tréimhse ó mhí Eanáir 2024 go mí na Nollag 2024 faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh. An 23 Nollaig 2025, dheimhnigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais agus thuairiscigh sé gur tugadh sna ráitis airgeadais ó ÚRSD léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais ÚRSD amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102.

Sa bhliain 2025, chuir an tÚdarás an t-ochtú tacar ráiteas airgeadais uaidh don tréimhse ó mhí Eanáir 2024 go mí na Nollag 2024 faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh. An 23 Nollaig 2025, dheimhnigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais agus thuairiscigh sé gur tugadh sna ráitis airgeadais ó ÚRSD léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais ÚRSD amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102.

Thug an tÚdarás faoi chleachtaí soláthair sa bhliain 2025, bunaithe ar an gcomhairle agus an cúnamh a fuarthas ón Oifig um Sholáthar Rialtais nuair ab ábhartha. Baineadh leas as na Creataí Uile-Rialtais a bhí ann cheana le linn na gcleachtaí soláthair nó, i gcás soláthairtí beaga, cuireadh na cleachtaí soláthair i gcrích ar aon dul leis na Treoirlínte Soláthair ón Oifig um Sholáthar Rialtais.

## An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Rinne Shane Galligan, comhalta den Údarás, cathaoirleacht ar Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ÚRSD. Shuigh Simon Murphy agus Paul O'Donovan, comhaltaí den Údarás, ar an gcoiste freisin. Tá an Rúnaí don Údarás ar an Rúnaí don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin. Cheadaigh an coiste beirt chomhaltaí sheachtracha a cheapadh chuig an gcoiste, a thiocfaidh ar an gcoiste sa bhliain 2026.

Tháinig an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca le chéile trí huaire sa bhliain 2025. Ní rabhthas in ann an ceathrú cruinniú a reáchtáil toisc go raibh téarma oifige reatha chathaoirleach an Choiste ar an Údarás le teacht chun deiridh ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2025. Athcheapadh an tUas. Galligan chuig an Údarás an 12 Samhain agus ansin eagraíodh an tríú cruinniú don 3 Nollaig 2025. Ag gach cruinniú, faigheann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca faisnéis ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin/ón Rúnaí, déanann sé athbhreithniú foirmiúil ar Chlár Rioscaí ÚRSD, agus scrúdaíonn sé na bearta go léir atá déanta ag coiste feidhmiúcháin ÚRSD chun na rioscaí sin a mhaolú.
Ina theannta sin, déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar ráitis airgeadais, ar chuntais bhainistíochta agus ar fhaisnéis airgeadais ghaolmhar atá suas chun dáta ag gach cruinniú. Athbhreithníonn an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca tuarascálacha iniúchóireachta, idir thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí agus thuarascálacha iniúchóireachta seachtraí, do ÚRSD. Áirítear le sainchúram formhaoirseachta an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí, rud a gcistíonn ÚRSD é agus a chuirtear ar áireamh i gcuntais ÚRSD. Déantar Clár Rioscaí, tuarascálacha iniúchóireachta, buiséad agus ráitis airgeadais ÚRSD a bhreithniú agus a mheas ag gach cruinniú de chuid an Údaráis freisin.

### Freastal ar Chruinnithe Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ÚRSD, 2025

| Comhalta | 25/03/25 | 24/04/25 | 03/12/25 |
|---|---|---|---|
| Shane Galligan (Cathaoirleach) | ✓ | ✓ | ✓ |
| Simon Murphy | ✓ | ✓ | ✓ |
| Paul O'Donovan | ✓ | ✓ | ✓ |

# Socruithe rialachais

Comhlacht atá neamhspleách go reachtúil is ea an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí. Faoi alt 13(3) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, ceanglaítear ar an Údarás bheith neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

**Treoraítear creat rialachais ÚRSD leo seo:**

» an tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (arna leasú)

» an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, rud ar ghlac an tÚdarás é

» an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú: Ceanglais Ghnó agus Tuairiscithe Airgeadais (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin

» Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, lena n-áirítear an Cód Caiteachais Phoiblí

**Rinne ÚRSD roinnt doiciméad rialachais a chur le chéile.**

» Cód Iompair do chomhaltaí an Údaráis

» Cód Iompair do bhaill foirne an Údaráis

» Téarmaí Tagartha don Údarás

» Sceideal de nithe a tharmligtear agus nithe a fhorchoimeádtar don Údarás

» Beartas agus Nós Imeachta um Nochtadh Cosanta

» Beartas Cosanta Sonraí agus na doiciméid ghaolmhara bheartais agus nós imeachta

» Clár Rioscaí agus Straitéis Bainistíochta Riosca

» Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais

» Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Leasanna

» *Plean Straitéiseach 2022-2025 agus Plean Straitéiseach 2025-2028*

» Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh 2024-2026 idir ÚRSD agus an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce

» Clár um Baill Foirne atá Údaraithe go Cuí chun feidhmeanna alt 13(7) a chomhlíonadh faoin Acht

» Cairt um Sheirbhísí Ardchaighdeáin

» Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Ardchaighdeáin

Cuireadh na doiciméid sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD i gcás gur cuí.

## Ról an Údaráis agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Cheadaigh an tÚdarás téarmaí tagartha do ÚRSD. Leagtar amach iontu na róil faoi seach atá ag an Údarás agus ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin mar a leanas:

### An tÚdarás

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Údaráis:

1. treo straitéiseach agus mórphleananna gníomhaíochta an Údaráis a athbhreithniú agus a threorú
2. beartais agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca
3. buiséid bhliantúla agus pleananna gnó
4. cuspóirí feidhmíochta a leagan síos
5. faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus comhlíonadh
6. maoirseacht a dhéanamh ar mhórbhreitheanna ar chaiteachas caipitil agus ar infheistíocht

### Tá ról an Údaráis dírithe ar na sé phríomhréimse seo.

1. Ceannaireacht: Tá an tÚdarás le ceannaireacht agus treo a sholáthar do ÚRSD laistigh de chreat rialuithe stuama agus éifeachtacha lena bhféadfar rioscaí a mheasúnú agus a bhainistiú.
2. Caighdeáin Eiticiúla – Tá ról lárnach ag an Údarás maidir le caighdeáin eiticiúla ÚRSD a shocrú.
3. Comhlíonadh – Ba cheart don Údarás dearbhú réasúnach a thabhairt dó féin go bhfuil na rialuithe agus na nósanna imeachta leordhóthanach chun comhlíonadh na gceanglas reachtúil agus rialachais a chinntiú.
4. Freagracht Chomhchoiteann – Ba cheart freagracht chomhchoiteann an Údaráis a chumhdach.
5. Ról Formhaoirseachta an Bhoird – Soláthróidh an Coiste Feidhmiúcháin an fhaisnéis riachtanach ar fad don Údarás chun a chur ar chumas an Údaráis a chuid dualgas a chomhlíonadh ar ardchaighdeán.
6. Comhairle don Aire[16] – Ba cheart don Údarás a chinntiú go gcoinneoidh an Cathaoirleach an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce ar an eolas faoi nithe a thagann chun cinn maidir le ÚRSD.

16. Sonraítear in alt 13(3) d'Acht 2015 gurb amhlaidh, faoi réir an Achta, a bheidh an tÚdarás neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Sonraítear in alt 13(2)(h) go ndéanfaidh an tÚdarás an tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí maidir le soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí agus moltaí a dhéanamh chun cuidiú leis an Aire beartas a chomhordú agus a fhorbairt ina leith sin. Sonraítear in alt 21(3) go bhféadfaidh an tÚdarás cibé tuarascálacha eile a thabhairt don Aire i ndáil le feidhmeanna an Údaráis is dóigh leis an Údarás is cuí.

## An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tarmligeann an tÚdarás an fhreagracht oibríochtúil as reáchtáil laethúil ÚRSD chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus chuig foireann ardbhainistíochta ÚRSD. Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe an Údaráis ar chuireadh a fháil ó Chathaoirleach an Údaráis agus tugann sé tuairisc go rialta ar gach gné d'oibriú ÚRSD, de réir mar a éilíonn comhaltaí an Údaráis. Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin le haghaidh an t-eolas is deireanaí a thabhairt faoi bhainistíocht riosca agus airgeadais.

Tá ról agus freagrachtaí an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin leagtha amach san Acht. Sonraítear in alt 24(3) den Acht go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

a. beartais agus breitheanna an Údaráis a chur chun feidhme

b. foireann, riaracháin agus gnó an Údaráis a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne

c. bheith freagrach don Údarás as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, agus

d. cibé feidhmeanna eile (más ann) a chomhlíonadh a cheanglóidh an tÚdarás nó a údarófar faoin Acht seo

Aon fheidhm de chuid an Údaráis, féadfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó aon bhall d'fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe go cuí ag an Údarás chun na críche sin í a chomhlíonadh nó féadfar í a chomhlíonadh tríothu sin faoi alt 13(7) den Acht.

Cinntíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin go gcoimeádtar an tÚdarás ar an eolas go hiomlán faoi shaincheisteanna straitéiseacha agus dúshláin straitéiseacha a théann i bhfeidhm ar ÚRSD agus ar an timpeallacht ina n-oibríonn sé.

## Coistí

Faoi alt 13(9) d'Acht 2015, féadfaidh an tÚdarás socrú a dhéanamh maidir le coiste do chomhlíonadh aon fheidhm amháin nó níos mó dá fheidhmeanna. Pléitear in alt 16 d'Acht 2015 le hoibriú coistí go ginearálta. Faoi alt 16, féadfaidh an tÚdarás coistí a bhunú:

a. chun cúnamh agus comhairle a thabhairt dó i ndáil le gach ceann nó aon cheann dá chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, agus

b. chun cibé feidhmeanna de chuid an Údaráis a bheidh arna dtarmligean chucu faoi alt 13 a chomhlíonadh.

## Coinbhleachtaí leasa

D'fhorbair an tÚdarás Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Leasanna. I gcomhréir leis an mbeartas agus leis na Cóid Iompair do chomhaltaí agus baill foirne an Údaráis, cláraíonn comhaltaí an Údaráis agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a leasanna in aon ghnóthais iomchuí eile le Rúnaí an Údaráis ar iad a cheapadh agus ar bhonn bliantúil. De bhreis air sin, cuirtear dearbhuithe leasa i míreanna sonracha ar an gclár oibre ar áireamh mar bhuanmhír de gach cruinniú de chuid an Údaráis agus de gach cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca.

## Meastóireacht feidhmíochta

Chuir an tÚdarás measúnú seachtrach ar Fheidhmíocht Rialachais an Údaráis i gcrích sa bhliain 2024. Cheadaigh an tÚdarás tuarascáil an mheasúnaithe sheachtraigh ag an gcruinniú dá chuid an 12 Meán Fómhair 2024. Ós rud é go raibh formhór na gcomhaltaí den Údarás ina gcomhaltaí nua sa bhliain 2025, cuireadh cur i gcrích an fhéinmheasúnaithe ar fheidhmíocht ag an Údarás siar go dtí an bhliain 2026 ionas go mbeadh tréimhse oibriúcháin chuí curtha isteach ag an Údarás.

## Cruinnithe rialachais agus gníomhaireachtaí leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce

Ar fud na bliana 2025, bhí ÚRSD i mbun teagmháil fhairsing le hoifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce ar bhonn foirmiúil agus ar bhonn neamhfhoirmiúil araon. Cuireadh dhá chruinniú rialachais fhoirmiúla ar siúl sa bhliain 2025 idir ÚRSD agus an tAonad um Rialachas Sibhialta de chuid na Roinne. Cuireadh ar siúl iad an 13 Feabhra agus an 20 Samhain.

## Tuairisciú airgeadais

Chloígh an tÚdarás le gach nós imeachta cuí maidir le tuairisciú airgeadais sa bhliain 2025. Comhaontaíodh buiséad bliantúil don bhliain 2025 ag an gcruinniú de chuid an Údaráis an 12 Meán Fómhair 2024. Mar gheall ar oibriú shamhail tobhaigh ÚRSD, rud a n-áirítear leis gné ar chaiteachas buiséadaithe, ba ghá tuilleadh faireacháin agus athbhreithnithe a dhéanamh ar an mbuiséad sin sa bhliain 2025 go dtí gur cuireadh an próiseas ríofa tobhaigh i gcrích i mí na Bealtaine 2025. D’athbhreithnigh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an buiséad freisin.

Chuir an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cuntais bhainistíochta suas chun dáta i láthair ag gach cruinniú de chuid an Údaráis. Déanann na soláthraithe seirbhíse cuntasaíochta cuntais bhainistíochta mhíosúla a chur faoi bhráid an Údaráis

agus an Choiste Feidhmiúcháin ar fud na bliana. Cinntíonn sé sin go mbíonn rochtain ag an bhfoireann ardbhainistíochta ar fhaisnéis ábhartha thráthúil airgeadais agus neamhairgeadais. Soláthraítear na cuntais bhainistíochta don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin lena n-iniúchadh.

Rinneadh an Ráiteas Airgeadais ar Chuntais don tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024 a ullmhú agus a chur faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi spriocdháta an 31 Márta 2025. Cheadaigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste cuntais iniúchta an 23 Nollaig 2025. Ina dhiaidh sin, cuireadh na cuntais iniúchta faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce mar aon le Litir Uiríll shínithe, tuarascáil chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire agus cóip den tuarascáil iniúchóireachta a bhí le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

## Frithsciúradh airgid

Is é ÚRSD an t-údarás inniúil faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010, arna leasú, do na habhcóidí uile sa Stát a bhfuil a n-ainm ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha, ar rolla é a dhéanann ÚRSD a chothabháil. Ina cháil mar údarás inniúil, cuirtear de chúram ar ÚRSD faireachán a dhéanamh ar na habhcóidí sin (“daoine ainmnithe”) agus aon bhearta is gá go réasúnach a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh siad ceanglais Chuid 4 d’Acht 2010.

Mar chuid dá shainordú reachtúil, tá ÚRSD ina chomhalta gníomhach den Choiste Stiúrtha náisiúnta um Fhrithsciúradh Airgid (AMLSC), arb é an coiste náisiúnta a bhfuil sé de chúram air formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid in Éirinn é. Déanann an Roinn Airgeadais cathaoirleacht ar AMLSC. Glacann ÚRSD páirt i gcruinnithe sceidealaithe de chuid AMLSC agus cuireann sé sonraí agus staitisticí a bhaineann le Frithsciúradh Airgid agus le Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac isteach lena gcur ar áireamh i dtuarascáil bhliantúil AMLSC.

Lean ÚRSD de fhreastal ar gach cruinniú sceidealaithe agus bhí sé i dteagmháil ghníomhach le AMLSC sa bhliain 2025. Áiríodh leis sin freastal ar chruinniú an 5 Meitheamh 2025 ar lena linn a tugadh an t-eolas is deireanaí don lucht freastail faoi chríochnú an Mheasúnaithe Riosca Náisiúnta ag Grant Thornton, faoin nGarda Síochána, agus faoin Aonad um Fhaisnéis Airgeadais (“FIU”) maidir le rioscaí agus treochtaí atá ag teacht chun cinn sa Stát. Thug Banc Ceannais na hÉireann an t-eolas is deireanaí do AMLSC ón Údarás um Fhrithsciúradh Airgid (AMLA) agus, rud atá tábhachtach do ÚRSD, luaigh sé go mbeadh AMLA ag tabhairt aird ar go leor comhlachtaí neamhairgeadais. Rud sonrach, beidh ar na comhlachtaí rialála sa ghairm cuntasaíochta agus sa ghairm dlí araon, amhail ÚRSD, caidreamh a dhéanamh le grúpaí saineolaithe iomchuí a mbunóidh AMLA iad.

Lean ÚRSD de chaidreamh a dhéanamh le AMLSC maidir le measúnú an Tascfhórsa

um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) agus maidir le foilsiú Thuarascáil Bhliantúil AMLSC don bhliain 2025. Tháinig saincheist na n-íocaíochtaí airgid thirim in Éirinn chun cinn freisin ag an gcruinniú sin, agus is cosúil go bhfuil sé beartaithe laghduithe suntasacha a dhéanamh ar idirbhearta airgid thirim incheadaithe in Éirinn de réir chuspóirí reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le frithsciúradh airgid.

Lean ÚRSD sa bhliain 2025 freisin d'fhaireachán agus nuashonrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá foilsithe ar a shuíomh Gréasáin chun cabhrú le habhcóidí cleachtacha i ndáil leis na hoibleagáidí athraitheacha atá orthu de bhun smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh i gcoinne Stát na Rúise agus i gcoinne daoine agus eintitis Rúiseacha ghaolmhara.

Tá ÚRSD i dteagmháil freisin leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce maidir leis an Séú Pacáiste maidir le Frithsciúradh Airgid, lena n-áirítear tograí le haghaidh athruithe suntasacha rialála ar fheidhmeanna ÚRSD agus LPDT chun a chinntiú go mbeidh Éire ag teacht go hiomlán le ceanglais an Aontais Eorpaigh atá ag teacht chun cinn.

Bunaíodh Údarás an Aontais Eorpaigh um Fhrithsciúradh Airgid (AMLA) le Rialachán (AE) 2024/1620 agus ceanglaítear leis go n-ainmneodh gach Ballstát 'ionadaí coiteann aonair' chuig AMLA. Mar chuid de chaidreamh leanúnach ÚRSD le AMLA agus de thacaíocht leanúnach ÚRSD dó ina cháil mar chomhlacht maoirseachta ballstáit maidir le frithsciúradh airgid, d'fhreastail ÚRSD ar an tríú cruinniú de chuid Bhord Ginearálta AMLA an 17 Meitheamh 2025. Tá sé i gceist ag AMLA forbhreathnú mapála riosca a dhéanamh ar fhrithsciúradh airgid san Aontas Eorpach, agus tá ÚRSD i dteagmháil le Banc Ceannais na hÉireann maidir le faisnéis infheidhme a sholáthar chun go gcuirfidh AMLA an cuspóir sin i gcrích.

## An dlí cánach

Chomhlíon an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí na hoibleagáidí go léir a bhí air faoin dlí cánach sa bhliain 2025.

## Gníomhartha trédhearcachta

Tá trédhearcacht agus cuntasacht glactha ag an Údarás mar cheann amháin de na bunluachanna atá aige. Tá an tÚdarás tiomanta do thrédhearcacht i dtaca lena chuid oibre agus lena chinnteoireacht. Foilsítear ar shuíomh Gréasáin ÚRSD na miontuairiscí ó gach cruinniú de chuid an Údaráis agus na pointí gníomhaíochta a eascraíonn astu. Chomh maith leis sin, foilsíonn ÚRSD gach ceann de na tuarascálacha reachtúla arna n-ullmhú ag an Údarás nó thar a cheann. Cuirtear ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD mar ghnáthamh freisin na haighneachtaí a dhéantar leis an Údarás mar chuid de chomhairliúcháin phoiblí.

Nuashonraítear suíomh Gréasáin ÚRSD go tráthrialta le faisnéis do thomhaltóirí, do dhlí-chleachtóirí, d'iriseoirí agus do gheallsealbhóirí eile faoi obair leanúnach ÚRSD i gcomhlíonadh a fheidhmeanna reachtúla. Ar na príomhdhoiciméid beartais inmheánaigh ar ár suíomh Gréasáin tá Beartas ÚRSD maidir le Nochtadh Cosanta agus an Comhaontú um Dhearbhú

RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT

Rialachais Chorparáidigh idir ÚRSD agus an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.

Nuashonraítear cainéil meán sóisialta ÚRSD go tráthrialta le faisnéis do thomhaltóirí faoinár seirbhísí láimhseála gearán. Cuirtear an fhaisnéis sin i láthair i dteanga inrochtana agus i meáin inrochtana, lena n-áirítear grafaicí agus físeáin bheoite lena ngabhann fotheidil. Meán tábhachtach eile trínar féidir le ÚRSD cumarsáid a dhéanamh go díreach le haturnaetha, le habhcóidí agus le príomh-gheallsealbhóirí eile is ea cainéil meán sóisialta ÚRSD. Postáiltear gach folúntas poist ar shuíomh Gréasáin ÚRSD agus ar a chainéil meán sóisialta.

## Cosaint sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tá ÚRSD cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Tá Beartas Cosanta Sonraí ÚRSD ar fáil ar a shuíomh Gréasáin. Fuair ÚRSD 16 Iarraidh Rochtana ó Ábhar Sonraí faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2025.

Bhí 24 shárú sonraí ag ÚRSD sa bhliain 2025. Cinneadh 19 gcinn de na sáruithe sin a bheith ina sáruithe íseal-leibhéil. Measadh cúig shárú a bheith ina sáruithe meánriosca agus cuireadh an Coimisiún um Chosaint Sonraí ar an eolas fúthu sin.

## Iarrataí saorála faisnéise agus ceisteanna ginearálta

Comhlacht Saorála Faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, is ea ÚRSD. Fuair ÚRSD 24 iarraidh saorála faisnéise san iomlán faoin Acht sa bhliain 2025. Ba i gcomhréir leis an Acht a déileáladh leis na hiarrataí.

Maidir le ceisteanna agus iarrataí ar fhaisnéis ghinearálta ón bpobal, ó na meáin, ó chomhaltaí de na gairmeacha dlí agus ó gheallsealbhóirí eile, is é an coiste feidhmiúcháin a admhaíonn iad agus a thugann freagra orthu. Tá sé mar chuspóir ag ÚRSD gach ceist agus iarraidh a admháil laistigh de thrí lá ó iad a fháil agus freagra substainteach a eisiúint, nuair is féidir, laistigh de 14 lá.

## Iarrataí Saorála Faisnéise sa bhliain 2025

| Tag. | Catagóir Iarrthóra | Géilleadh don iarraidh | Géilleadh go Páirteach don Iarraidh | Diúltaíodh géilleadh don iarraidh | Tarraingíodh an iarraidh siar | Ag Fanacht le Breith |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 01 | Duine den Phobal | | × | | | |
| 02 | Duine den Phobal | | × | | | |
| 03 | Dlí-Chleachtóir | × | | | | |
| 04 | Duine den Phobal | | × | | | |
| 05 | Duine den Phobal | × | | | | |
| 06 | Duine den Phobal | × | | | | |
| 07 | Duine den Phobal | × | | | | |
| 08 | Duine den Phobal | | × | | | |
| 09 | Iriseoir | | × | | | |
| 10 | Iriseoir | | × | | | |
| 11 | Duine den Phobal | | | | | |
| 12 | Duine den Phobal | × | | | | |
| 13 | Duine den Phobal | × | | | | |
| 14 | Duine den Phobal | | × | | | |
| 15 | Duine den Phobal | | × | | | |
| 16 | Dlí-Chleachtóir | × | | | | |
| 17 | Duine den Phobal | × | | | | |
| 18 | Duine den Phobal | × | | | | |
| 19 | Duine den Phobal | × | | | | |
| 20 | Duine den Phobal | × | | | | |
| 21 | Duine den Phobal | × | | | | |
| 22 | Duine den Phobal | × | | | | |
| 23 | Duine den Phobal | × | | | | |
| 24 | Duine den Phobal | × | | | | |



## An Ghaeilge

Sa bhliain 2020, cuireadh ÚRSD ar áireamh mar chomhlacht poiblí chun críocha Achtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021 faoi na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Comhlachtaí Poiblí), 2019 (I.R. Uimh. 230 de 2020). Sa bhliain 2023, cheap Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD bainisteoir sinsearach, faoi alt 4B d'Acht 2021, chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí ÚRSD faoin Acht agus chun tuairisc a thabhairt ina leith.

Sa bhliain 2020, cuireadh ÚRSD ar áireamh mar chomhlacht poiblí chun críocha Achtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021 faoi na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Comhlachtaí Poiblí), 2019 (I.R. Uimh. 230 de 2020).Sa bhliain 2023, cheap Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD bainisteoir sinsearach, faoi alt 4B d'Acht 2021, chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí ÚRSD faoin Acht agus chun tuairisc a thabhairt ina leith.

I mí na Bealtaine 2025, thug ÚRSD féintuairisc ar a ghníomhaíochtaí fógraíochta d'Oifig an Choimisinéara Teanga don tréimhse ó mhí Eanáir go dtí mí na Nollag 2024. Ceanglaítear an tuairisciú bliantúil sin ag ÚRSD mar chomhlacht earnála poiblí faoi alt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, a tháinig in éifeacht i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Forordaítear le halt 10A nach mór do chomhlachtaí poiblí a chinntiú:

» gur trí Ghaeilge a dhéantar 20% dá bhfógraíocht ar fad gach bliain
» gur ar fhógraíocht sna meáin Ghaeilge a chaitear 5% ar a laghad dá mbuiséad fógraíochta bliantúil

Áirítear na nithe seo a leanas leis na gníomhartha atá déanta ag ÚRSD chun ár seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge:

» tugtar freagra i nGaeilge ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge ó ghearánaigh agus ó dhlí-chleachtóirí

» tá leaganacha Gaeilge de thuarascálacha corparáideacha ar fáil, lena n-áirítear tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise

» tá doiciméid seirbhíse ar fáil i nGaeilge ar an suíomh Gréasáin, lena n-áirítear treoir d'abhcóidí ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha agus foirmeacha gearáin

» is féidir le baill foirne na rannóige gearán déileáil le ceisteanna teileafóin i nGaeilge

» tá ábhair earcaíochta ar fáil i nGaeilge agus féadfaidh iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar fholúntais i nGaeilge

» éascaíonn Rúnaíocht ÚRSD don Choiste Comhairleach um dheonú paitinní tosaíochta iarratais i nGaeilge agus i mBéarla araon

## Nochtadh Cosanta

Rinne ÚRSD Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Cosanta a thabhairt isteach. Ní dhearnadh aon Nochtadh Cosanta go díreach do ÚRSD sa bhliain 2025. Tharchuir an Coimisinéir um Nochtadh Cosanta sé ní chuig ÚRSD faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú), sa bhliain 2024 agus tugadh ar aghaidh iad isteach sa bhliain 2025. Tarchuireadh cúig cinn de na nithe sin faoi alt 10C(1)(b) den Acht agus tarchuireadh ní amháin faoi alt 10D(1)(b)(ii). Tharchuir duine forordaithe eile ní amháin faoi alt 7A(1)(b)(vi) sa bhliain 2024 agus tugadh ar aghaidh é isteach sa bhliain 2025. Bhí sé cinn de na hábhair ag fanacht le cur i gcrích an mheasúnaithe ag deireadh na bliana 2025, agus measadh ní amháin sa bhliain 2025 a bheith ina ní nach raibh aon údar le haon ghníomhaíocht leantach a dhéanamh ina leith. Rinneadh tuarascáil ina léirítear an staid sin a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin ÚRSD.

## Comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Ghlac ÚRSD an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Chomhlíon ÚRSD an Cód go hiomlán sa bhliain 2025, gan na heisceachtaí seo a leanas a áireamh:

» Rannáin 8.14, 8.15 – Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil: Rachaidh ÚRSD i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce sa bhliain 2026 i ndáil le hAthbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil a sceidealú

» Rannán 1.13 (Treoir maidir leis an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca): Tháinig Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ÚRSD le chéile trí huaire sa bhliain 2025 in ionad ceithre huaire mar gheall ar mhoill ar chathaoirleach an choiste a athcheapadh chuig an Údarás.

# Forbairtí eagraíochta

## Acmhainní foirne

Faoi théarmaí Acht 2015, ceapann an tÚdarás a fhoireann féin le ceadú ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Cuireadh cúig chomórtas ar siúl sa bhliain 2025 le haghaidh róil áirithe in ÚRSD. Tugann an tÚdarás líon beag de na baill foirne thuas ar iasacht don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT) agus, sna blianta 2024 agus 2025, d'fhostaigh sé cúigear ball foirne ar chonarthaí páirtaimseartha le haghaidh tionscadail shonracha (e.g., idirghabháil).

### Foireann ÚRSD ag deireadh na bliana 2025

| Post | 2025* |
|---|---|
| Rúnaí Cúnta | 1 |
| Príomhoifigeach | 2 |
| Príomhoifigeach Cúnta | 12 |
| Aturnae Stáit | 12 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 9 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 5 |
| Oifigeach Cléireachais | 24 |
| Conraitheoirí | 1 |
| Iomlán | 66 |
| (Ar baill foirne LPDT iad) | 9 |

** Líon foirne amhail an 31 Nollaig 2025. Sa líon sin, léirítear socruithe postroinnte agus róil áirithe, lena n-áirítear idirghabhálaithe agus baill foirne dlí i gcohórt na bPríomhoifigeach Cúnta. Is ionann 65 bhall foirne san iomlán (gan conraitheoirí a áireamh) agus 58 CL (Coibhéisí Lánaimseartha).*

## Bainistíocht tinrimh agus feidhmíocht

Taifeadtar an méid ama a chaitheann baill foirne ar obair ar ghearáin i mbileoga ama atá bunaithe ar aonaid 15 nóiméad. Cabhraíonn sé sin le ÚRSD an tobhach bliantúil ar na gairmeacha a ríomh. Leanann Softworks, córas bainistíochta ama, ar aghaidh ag cabhrú le ríomhanna agus cionroinnt don tobhach. Tá próiseas bainistíochta promhaidh i bhfeidhm ag ÚRSD le haghaidh gach baill foirne nua. Tá córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta (CBFF) ann don fhoireann ar fad freisin.

RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT

## Forbairt Leanúnach dár bhFoireann

D'fhreastail baill foirne ar lear cúrsaí oiliúna, comhdhálacha agus seimineár sa bhliain 2025. Cumhdaíodh a lán réimsí difriúla iontu sin. Sholáthair ÚRSD cúrsaí in Word agus in Excel don fhoireann ar fad, mar aon le cúrsaí i gcosaint sonraí/ an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus i saoráil faisnéise.

Tá ÚRSD ina chomhalta d'Fhóram Rialachais an Fhorais Riaracháin, agus d'fhreastail roinnt baill foirne agus roinnt comhaltaí den Údarás ar sheisiúin fhíorúla agus phearsanta oiliúna agus faisnéise tríd an bhfóram sin sa bhliain 2025. Áiríodh leo sin:

- Athléimneacht a Chothú: Cibir-Rialachas agus Rialachas Sonraí (Máistir-rang), an 27 Feabhra
- Líonra na Rúnaithe Boird, an 5 Márta agus an 17 Meán Fómhair
- Inghlacthacht Riosca, Cultúr agus Stíl Oibriúcháin, an 10 Aibreán
- Cruinniú Chomhchéime Chathaoirligh na gCoistí Iniúchóireachta agus Riosca, an 21 Bealtaine
- Líonra na gCathaoirleach, an 18 Meitheamh
- Róil agus Freagrachtaí na gComhaltaí Boird nua, an 8 Deireadh Fómhair
- Inbhuanaitheacht do Chomhlachtaí Poiblí, an 25 Meán Fómhair

Cuireadh Lá Foirne Uile ar siúl i mí na Bealtaine 2025, ar lena linn a tugadh deis don fhoireann ionchuir a chloisteáil ó chinn rannóige in ÚRSD agus in LPDT agus ionchur i bhforbairt phlean straitéiseach nua ÚRSD a mheasúnú. Chomh maith leis sin, fuair an fhoireann faisnéis agus treoir maidir le leas foirne agus leis na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil, chomh maith le plé ar chomhionannas agus ar éagsúlacht agus ar an dualgas earnála poiblí.

## Sláinte agus Sábháilteacht sa bhliain 2025

Chloígh ÚRSD leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus leis na Rialacháin fán Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta), 2007. Chloígh ÚRSD le beartais agus nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta agus sholáthair sé oiliúint chuí, cláir feasachta sábháilteachta agus trealamh cosanta pearsanta. Fuair an fhoireann oiliúint Maor Dóiteáin agus Oifigeach Sábháilteachta sa bhliain 2025.

## An Dualgas Earnála Poiblí agus Cearta an Duine

Lean ÚRSD le comhlíonadh a dhéanamh ar a oibleagáidí do bhaill foirne agus do thomhaltóirí faoin Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.

Le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, leagtar dualgas ar chomhlachtaí poiblí ar nós an Údaráis aird a thabhairt ar an ngá atá ann leis an idirdhealú a dhíothú, leis an gcomhionannas deise a chur chun cinn agus le cearta an duine atá ag na baill

foirne agus na daoine a soláthraítear seirbhísí dóibh a chosaint.

Sa Phlean Straitéiseach 2022-2025 ó ÚRSD, sainaithníodh na ceithre réimse seo a leanas le haghaidh feabhais:

» an Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí uainn agus an dóigh a bhfreagraímid ar cheisteanna ón bpobal, ag féachaint dá éagsúlacht, a athrú chun dáta

» inrochtaineacht ár gcumarsáidí a mhéadú chun a chinntiú go mbeidh sé de chumas ag tomhaltóirí agus ag dlí-chleachtóirí tuiscint a ghnóthú ar ár ról rialála agus ar ár seirbhísí rialála, go háirithe maidir le gearáin a fháil agus a imscrúdú

» ár suíomh Gréasáin a uasghrádú ar aon dul le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchlár Móibíleach de chuid Comhlachtaí Earnáil Phoiblí), 2020

» ár gclár leanúnach imeachtaí agus caidrimh le geallsealbhóirí a mhéadú chun a chinntiú go mbeidh tomhaltóirí seirbhísí dlí, dlí-chleachtóirí agus a gcomhlachtaí ionadaíocha agus geallsealbhóirí eile in ann a dtuairimí a chomhroinnt agus eolas a dhéanamh dár bhfeidhmeanna rialála agus dár gcuspóirí reachtúla

Luaitear sa Phlean Straitéiseach 2025-2028 nua ó ÚRSD nach mór do chomhlachtaí poiblí amhail an tÚdarás aird a thabhairt ar an ngá atá ann:

» leis an idirdhealú a dhíothú

» leis an gcomhionannas deise a chur chun cinn

» agus le cearta an duine atá ag na baill foirne agus na daoine a soláthraítear seirbhísí dóibh a chosaint

Chun ár measúnú a nuashonrú:

» rinneamar suirbhé ar ár bhfoireann agus ar gheallsealbhóirí seachtracha maidir lenár bhfeidhmíocht i ndáil leis an dualgas earnála poiblí, agus d'iarramar orthu a dtuairimí a thabhairt ar na nithe eile a d'fhéadfaimis a dhéanamh

» thugamar cuireadh d'ionadaí ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) chun labhairt ag lá straitéise foirne uile chun feabhas a chur ar thuiscint na mball foirne ar an dualgas earnála poiblí agus ar na nithe is féidir leo a dhéanamh

» rinneamar tuilleadh plé leis an bhfoireann ar na nithe eile a d'fhéadfaimis a dhéanamh chun cuimsitheacht a chinntiú

» chuamar i gcomhairle le comhlachtaí poiblí eile a dhéileálann leis an bpobal, lena n-áirítear an tOmbudsman agus an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, maidir le cur chun feidhme an Dualgais Earnála Poiblí, agus maidir le conas a d'fhéadfadh sé eolas a dhéanamh dár ngníomhartha

Ag tarraingt ar na comhairliúcháin éagsúla le geallsealbhóirí, shainaithníomar na réimsí seo a leanas chun aghaidh a thabhairt orthu i saolré an chéad phlean straitéisigh eile.

- Chuireamar treoir Béarla shimplí i bhfeidhm cheana féin do thomhaltóirí maidir lenár seirbhís gearán, agus rinneamar athbhreithniú inmheánach Béarla shimplí ar ár gcomhfhreagras le gearánaigh. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis na feabhsuithe breise, mar shampla, míniúcháin Béarla shimplí ar sheirbhísí coitianta dlí agus ar na nithe ar cheart a bheith ag súil leo a thabhairt ar ár suíomh Gréasáin.
- Leanfaimid le dul chun cinn a dhéanamh ar na moltaí sa Phlean Cur Chun Feidhme Breaking Down Barriers uainn a chur chun feidhme, a bhfuil sé mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar bhacainní eacnamaíocha agus eile a mbíonn aturnaetha agus abhcóidí atá ag teacht chun cinn agus atá tar éis a ngairm a thosú ag déileáil leo. Tá sé mar aidhm leis na bearta sin an rochtain ar an ngairm dlí a leathnú agus éagsúlacht na gairme a mhéadú.
- Tabharfaimid cuireadh do dhaoine ó roinnt de na naoi ngrúpa chosanta chun labhairt linn faoina n-eispéireas i ndéileáil le soláthraithe seirbhísí dlí chun tuiscint níos fearr a fháil ar roinnt de na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann.
- Soláthróimid oiliúint leantach dár bhfoireann maidir leis an dóigh is fearr ar féidir comhionannas agus neamh-idirdhealú a chinntiú le linn gearáin á láimhseáil.
- Tabharfaimid treoir maidir le cúnamh do ghearánaigh a bhfuil deacrachtaí litearthachta nó teanga acu, nó a bhfuil laigí orthu a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá gcumas chun rochtain a fháil ar an gcóras gearán.
- Leanfaimid lenár gclár imeachtaí agus comhairliúcháin le geallsealbhóirí a mhéadú chun a chinntiú go mbeidh tomhaltóirí seirbhísí dlí, dlí-chleachtóirí agus a gcomhlachtaí ionadaíocha agus geallsealbhóirí eile in ann a dtuairimí a chomhroinnt agus eolas a dhéanamh dár bhfeidhmeanna rialála agus dár gcuspóirí reachtúla.
- Tabharfaimid tuairisc ar dhul chun cinn sna tuarascálacha bliantúla uainn.

De bhreis air sin, is amhlaidh, mar chuid de thiomantas ÚRSD do chomhionannas, d'éagsúlacht agus do chuimsiú, formhuiníonn an tÚdarás físráiteas, tiomantais agus múnla aibíochta *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*. Táimid muiníneach go saibhreoidh sé sin ár n-áit oibre agus go gcothóidh sé iontaoibh agus muinín an phobail as ár n-eagraíocht.

## Comhaontú Seirbhíse idir ÚRSD agus LPDT

Tá Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm idir ÚRSD agus LPDT don tréimhse ón mbliain 2022 go dtí an bhliain 2025. Lean Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus

ÚRSD agus LPDT don tréimhse ón mbliain 2022 go dtí an bhliain 2025. Lean Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Rannóg Gnóthaí Corparáideacha ÚRSD de thacaí riaracháin a thabhairt do LPDT sa bhliain 2025. Áiríodh leo sin tacaíocht agus comhairle maidir le rialachas, le soláthar, le seirbhísí agus le soláthairtí, oiliúint foirne agus tacaí eile acmhainní daonna. Soláthraíonn Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ÚRSD formhaoirseacht don Bhinse.

## Teicneolaíocht faisnéise

Tá Comhaontú Seirbhíse, Ráiteas faoi Dhearbhú Rialachais agus Comhaontú Próiseála Sonraí i bhfeidhm ag ÚRSD leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Leanann Rannóg TF na Roinne lena shocrú go mbeadh cianrochtain ag baill foirne nua ar chórais inmheánacha ÚRSD chun go mbeadh siad in ann obair go sábháilte ón mbaile. D'fhreastail ÚRSD ar sheisiúin faisnéise inar thug Rannóg Bainistíochta Faisnéise agus Teicneolaíochta na Roinne an t-eolas is deireanaí do ghníomhaireachtaí sa bhliain 2025.

## Éifeachtúlachtaí fuinnimh

Rinneadh suirbhé ar áitreabh ÚRSD sa bhliain 2023 maidir leis na roghanna atá ann chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh, go háirithe i ndáil le téamh. Feachtais feasachta fuinnimh, agus gníomhartha le haghaidh laghdú in astaíochtaí carbóin a chur chun feidhme trí bhainistíocht dramhaíola a fheabhsú trí athchúrsáil a mhéadú, leanadh díobh ar aon dul leis an mbeartas Rialtais. Cuirfidh ÚRSD a Fhoireann Ghlas i bhfeidhm sa bhliain 2026, agus féachfaidh sé ar an dóigh ar féidir feabhas a chur ar éifeachtúlachtaí fuinnimh in áitribh ÚRSD agus in áitribh LPDT araon. Chríochnaigh ÚRSD a thuairisceáin maidir le tomhaltas fuinnimh, le hastaíochtaí agus le sonraí chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) trína chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe sa bhliain 2025, agus deimhníodh gur bhain ÚRSD amach trí cinn dá cheithre sprioc don bhliain 2030.

## Gníomhaíochtaí soláthair

Ba ar aon dul le dlí an Aontais Eorpaigh agus le ciorcláin agus treoirlínte ón Rialtas a bhí an soláthar a rinneadh sa bhliain 2025. Féachann ÚRSD le tabhairt faoina sholáthar ar fad trí na creat-chomhaontuithe atá ar fáil tríd an Oifig um Sholáthar Rialtais, nuair is indéanta. Áiríodh na nithe seo a leanas leis an soláthar a rinneadh sa bhliain 2025:

» Tionscadal chun Creat Inniúlachtaí Náisiúnta um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí a fhorbairt do Choiste Alt 16 um an Oideachas agus an Oiliúint (atá le soláthar sa bhliain 2026).

» Soláthar le haghaidh Seirbhísí Dlí do ÚRSD (faoi Chreat de chuid na hOifige

um Sholáthar Rialtais) ag deireadh na bliana 2025.

» Soláthar le haghaidh seirbhísí Luathscríbhneoireachta do ÚRSD agus do LPDT (ag deireadh na bliana 2025).

## Íoc pras cuntas

Tá sé mar bheartas ag ÚRSD téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a chomhlíonadh ina n-iomláine. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚRSD chun a chinntiú go n-íocfar gach sonrasc laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé gur dearadh na nósanna imeachta chun comhlíonadh Acht 1997 a chinntiú, ní thugtar leo ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, nach mbeidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta ann. Tabhaíodh pionóis íocaíochta déanaí i leith sé shonrasc sa bhliain 2025.



# An Coiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta, 2025

## ÚRSD agus Iarratais 'Abhcóide Sinsir'

I mí Aibreáin 2020, bhunaigh an tÚdarás an Coiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta faoi alt 172(1) den Acht. Is é ról an Choiste Chomhairligh moltaí a dhéanamh don Rialtas chun Paitinní Tosaíochta a dheonú d'iarratasóirí ar aturnaetha nó abhcóidí iad. Tá teidlíocht ag aturnae nó abhcóide a ndeonaítear Paitinn Tosaíochta dó nó di chun úsáid a bhaint as an teideal 'abhcóide sinsir'. De bhreis air sin, tá teidlíocht ag abhcóide a ndeonaítear Paitinn Tosaíochta dó nó di go nglaofar é nó í chun Barra na Sinsear. Sular bunaíodh an córas iarratas a cruthaíodh san Acht, ní raibh teidlíocht chun an teideal 'abhcóide sinsir' a lorg ach amháin ag abhcóidí.

Is é an Príomh-Bhreitheamh a dhéanann cathaoirleacht ar an gCoiste Comhairleach, atá comhdhéanta de sheachtar comhaltaí. Is é an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce a cheapann an comhalta tuata den choiste as measc chomhaltaí an Údaráis. Rinne an tAire Éilis Barry Uasal a cheapadh chuig an gCoiste Comhairleach ón 4 Márta 2025 go ceann tréimhse trí bliana. Thug ÚRSD cúnamh cléireachais agus riaracháin don Choiste Comhairleach le linn na bliana 2025. Tá an Rúnaí don Údarás ag gníomhú mar Rúnaí don Choiste Comhairleach ó uair a bhunaithe i leith.

D'eisigh an Coiste Comhairleach an séú glao uaidh le haghaidh iarratais ar mholtaí i mí Feabhra 2025. Rinneadh an glao le haghaidh iarratas trí shuíomh Gréasáin ÚRSD, ar ar postáladh faisnéis mhionsonraithe d'iarratasóirí, lenar áiríodh treoir agus foirmeacha iarratais i nGaeilge agus i mBéarla araon, thar ceann an Choiste Chomhairligh. Fuair sé 47 n-iarratas san iomlán – 11 cheann ó aturnaetha agus 36 cinn ó abhcóidí. Ag an gcruinniú dá chuid an 15 Iúil 2025, cheadaigh an Rialtas deonú an teidil "abhcóide sinsir" do 26 abhcóide agus do bheirt aturnaetha, bunaithe ar na moltaí ón gCoiste Comhairleach.

### Staitisticí maidir le hiarratais, 2025

| Iarratais ar Phaitinní Tosaíochta, 2025 | | | |
|---|---|---|---|
| Iomlán 47 | | | |
| Abhcóide | | Aturnae | |
| 36 | | 11 | |
| Baineann | Fireann | Baineann | Fireann |
| 9 | 27 | 3 | 8 |

**Staitisticí maidir le moltaí, 2025**


| Moltaí Paitinní Tosaíochta, 2025 | | | |
|---|---|---|---|
| Iomlán 28 | | | |
| Abhcóide | | Aturnae | |
| 26 | | 2 | |
| Baineann | Fireann | Baineann | Fireann |
| 7 | 19 | 0 | 2 |

## Cruinnithe na Foirne Ardbhainistíochta

Tháinig an Fhoireann Ardbhainistíochta le chéile cúig huaire sa bhliain 2025 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na mór-shaincheisteanna uile atá ábhartha d’oibriú éifeachtúil éifeachtach an Údaráis. Ceann de na príomhfhreagrachtaí atá ar an bhFoireann Ardbhainistíochta is ea faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gnó Bliantúil do gach rannóg a bhaint amach agus gníomhaíocht a bhrú chun cinn chun na spriocanna atá leagtha amach sa *Phlean Straitéiseach 2022-2025* agus sa *Phlean Straitéiseach 2025-2028* a bhaint amach.

## Cruinnithe Fhoireann Ardbhainistíochta ÚRSD-LPDT, 2025

| Dáta | Nótaí ar phríomhghníomhaíochtaí |
|---|---|
| 24 Feabhra 2025 | Anailís Bhuiséid don bhliain 2025 |
| 31 Márta 2025 | Ceardlann le haghaidh na moltaí amuigh ón Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí a athbhreithniú |
| 26 Meán Fómhair 2025 | Athbhreithniú Lárbhliana ar Phlean Gnó 2025 |



# An fhoireann ardbhainistíochta

## Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



### An Dr Brian Doherty

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (go dtí an 12 Meán Fómhair 2025)*

Ba é Brian Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí go dtí an 12 Meán Fómhair 2025. Glaodh chun an Bharra é sa bhliain 1996. Chleacht sé ar dtús i mBéal Feirste. Chuaigh sé isteach in Oifig an Ombudsman Póilíneachta do Thuaisceart Éireann ar bhunú na hOifige sa bhliain 2000. Bhí sé ar dhuine de na chéad imscrúdaitheoirí is sibhialtaigh, ag obair dó ar líomhaintí mí-iompair a rinneadh i gcoinne Chonstáblacht Ríoga Uladh ar dtús agus i gcoinne Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann ina dhiaidh sin. Sa bhliain 2007, thug sé faoin bpost mar oifigeach imscrúdaithe sinsearach i gCoimisiún Ombudsman an Gharda Síochána sular ceapadh é mar Leas-Stiúrthóir gníomhach Imscrúduithe. D'fhill sé ar Oifig an Ombudsman Póilíneachta do Thuaisceart Éireann sa bhliain 2014 chun an Stiúrthóireacht Imscrúduithe Reatha a reáchtáil. Chuaigh Brian i mbun an phoist mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2017.



### Tony Watson

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach (ón 15 Meán Fómhair 2025)*

Chuaigh Tony isteach in ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2019 mar Cheann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach. Cháiligh sé mar aturnae i Sasana agus d'oibrigh sé mar dhlítheoir i Londain. Bhog sé go hÉirinn sa bhliain 2005 agus chuaigh sé isteach sa Rannóg Gearán de Dhlí-Chumann na hÉireann, áit a raibh sé ar an Leas-Cheann Gearán sula ndeachaigh sé isteach san Údarás. Tá taithí fhairsing ag Tony ar dhlíodóirí a rialáil agus ar ghearáin a imscrúdú agus a réiteach go háirithe. Ceapadh é mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach ÚRSD an 15 Meán Fómhair 2025.



**Ultan Ryan**
*Rúnaí*

Chuaigh Ultan Ryan isteach sa Státseirbhís sa bhliain 1985 agus d'oibrigh sé don Phríomh-Oifig Staidrimh sular ghlac sé leis an ról mar anailísí córas sa Roinn Leasa Shóisialaigh sa bhliain 1992. D'aistrigh Ultan chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2000, áit ar oibrigh sé ar thionscadail cheartais trasteorann. Áiríodh leis na róil sin an ról mar Rúnaí don Choimisiún Cuimhneacháin. D'oibrigh Ultan mar bhainisteoir tionscadail agus mar bhainisteoir oibríochtaí leis an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha sular aistríodh é chuig ÚRSD i mí Eanáir 2017.

## An Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta



**Nuala Haughey**
*(go dtí an 21 Deireadh Fómhair 2025)*
*Ceann ar an Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta*

Ceapadh Nuala mar Cheann ar an Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta i mí na Samhna 2019. Tá cúlra Nuala fite fuaite san iriseoireacht agus san anailís beartais. Bhuaigh sí gradaim mar Chomhfhreagraí Gnóthaí Sóisialta do The Irish Times agus tá taithí fhairsing aici mar shainchomhairleoir cumarsáide leis an gCoimisiún Eorpach. D'oibrigh Nuala mar stiúrthóir cumarsáide polaitiúla, mar anailísí beartais agus mar thaighdeoir freisin.

**Ceann ar an Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta**
**Tá an post folamh faoi láthair – déanfar an earcaíocht go luath sa bhliain 2026**

## An Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach



**Tony Watson**
*Ceann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach*

Chuaigh Tony isteach in ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2019 agus tá sé ar an gCeann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach. Cháiligh sé mar aturnae i Sasana agus d'oibrigh sé mar dhlítheoir i Londain. Bhog sé go hÉirinn sa bhliain 2005 agus chuaigh sé isteach sa Rannóg Gearán den Dlí-Chumann, áit a raibh sé ar an Leas-Cheann Gearán sula ndeachaigh sé isteach in ÚRSD. Tá taithí fhairsing ag Tony ar dhlíodóirí a rialáil agus ar ghearáin a imscrúdú agus a réiteach go háirithe.



**Eleanor Carmody**
*Ceann ar an Aonad Gearán agus Réiteach*

Chuaigh Eleanor isteach in ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2019 mar Oifigeach Réitigh Gearán, agus ceapadh í mar Cheann ar an Aonad Gearán agus Réiteach i mí Feabhra 2020. Cháiligh Eleanor mar aturnae sa bhliain 1999 agus d'oibrigh sí go príomha mar thíolacóir i gcleachtas ginearálta i Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí. Chuaigh sí isteach sa Dlí-Chumann sa bhliain 2008 agus d'oibrigh sí mar aturnae sa Rannóg um Ghearáin agus Caidreamh Cliant, áit ar imscrúdaigh sí gearáin i gcoinne aturnaetha.

## An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha



**Aidan Walsh**
*Ceann ar an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha*

Chuaigh Aidan isteach in ÚRSD go déanach sa bhliain 2025. Ghnóthaigh sé céim ghnó agus Dioplóma Iarchéime i nDlí Fostaíochta ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, sular chríochnaigh sé scrúduithe FE-1 de chuid an Dlí-Chumainn. Ina theannta sin, bhain sé Dioplóma Iarchéime sa Soláthar Poiblí amach ó Chumann Onórach Óstaí an Rí. Sula ndeachaigh sé isteach in ÚRSD, fuair Aidan taithí i róil éagsúla san earnáil leathstáit agus san earnáil phríobháideach.

## An Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin



**Alison McIntyre**
*Ceann ar an Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin*

Ceapadh Alison mar Cheann ar an Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus chuaigh sí i mbun an róil sin i mí an Mhárta 2020. Roimhe sin, bhí Alison ina Coimisinéir Cúnta leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn, áit ar oibrigh sí mar chomhairleoir dlí agus mar Oifigeach Cosanta Sonraí. Tá taithí ag Alison ar obair a dhéanamh sa chleachtadh príobháideach agus in eagraíochtaí earnála poiblí.



**Padraig Langan**
*Ceann ar an Aonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí*

Ceapadh Padraig mar Cheann ar an Aonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí i mí Iúil 2018. Roimhe sin, d'oibrigh Padraig sa Phreasoifig sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Roimhe sin fós, d'oibrigh sé sa Rannóg Beartais Feola agus Bainne sa Roinn, áit ar ghnóthaigh sé taithí ar a bheith ag obair ar shaincheisteanna beartais. Tá Padraig ag obair san earnáil phoiblí le breis agus fiche bliain anuas.

## An tAonad Tacaíochta don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí



**Kay Lynch**
*Cláraitheoir ar an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí*

Ceapadh Kay mar Chláraitheoir ar an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí i mí Mheán Fómhair 2019. Sular ceapadh í, d'oibrigh Kay mar fheidhmeannach leis an mBinse Araíonachta Aturnaetha ón mbliain 2014 i leith. Is aturnae cáilithe í agus tá dioplómaí aici i Rialáil Ghairmiúil (an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath) agus i Scileanna Breithiúnacha agus Cinnteoireacht (Dlí-Chumann na hÉireann).

# Aguisín 1

## Príomhghníomhaíochtaí sa bhliain 2025

AGUISÍN 1

| Dáta | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|
| 10 Eanáir | Bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le Fo-Chisteoir Chumann Onórach Óstaí an Rí |
| 17 Eanáir | Cruinniú leis an Dlí-Chumann maidir le nithe rialála |
| 17 Eanáir | Bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le Cathaoirleach an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí chun cúrsaí oibríochtúla a phlé |
| 23 Eanáir | An chéad chruinniú de chuid an Ghrúpa Oibre Cur Chun Feidhme um *Dheireadh a Chur le Bacainní* |
| 30 Eanáir | Fógraíodh an fógra chun comhaltaí an Choiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí a earcú |
| 6 Feabhra | An 44ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 11 Feabhra | Cruinniú le hionadaithe ón Aontas Eorpach maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil ar an Smacht Reachta |
| 12 Feabhra | Bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le Cathaoirleach an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí |
| 13 Feabhra | Cruinniú rialachais leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce |
| 25 Feabhra | Labhair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ag seimineár Gréasáin Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath dar teideal 'Nuashonruithe ar an Dlí Teaghlaigh agus Déileáil le Cliaint Achrannacha Dlí Teaghlaigh' |
| 28 Feabhra | Cruinniú leis an Dlí-Chumann maidir le nithe rialála |
| 28 Feabhra | Bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Cathaoirleach leis an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce in oifig na Roinne Dlí agus Cirt |
| 4 Márta | D'fhreastail an Ceann ar an Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta ar an bhFóram Taighde ar an gCeartas agus thug sí láithreoireacht ag an bhfóram sin |
| 12 Márta | Líonadh folúntais ar an gCoiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí |
| 13 Márta | An 45ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 20 Márta | Bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le Barra na hÉireann |
| 26 Márta | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht forbartha gairmiúla leanúnaí do Chomhlachas Barra Aturnaetha an Láir Tíre |
| 27 Márta | D'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar ócáid chun Comóradh 50 Bliain bhunú Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a chomóradh |

AGUISÍN 1

| Dáta | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|
| 28 Márta | D'fhreastail baill d'Fhoireann Ardbhainistíochta ÚRSD ar Chomhdháil Bhliantúil na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce |
| 31 Márta | Cuireadh an chéad tuarascáil leathbhliantúil ar an dul chun cinn maidir le *Deireadh a Chur le Bacainní* don bhliain 2025 faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt |
| 3 Aibreán | An dara cruinniú de chuid an Ghrúpa Oibre Cur Chun Feidhme um *Dheireadh a Chur le Bacainní* |
| 7 Aibreán | Cruinniú de chuid an Choiste um Thithíocht do Chách a Chur Chun Feidhme maidir le Tíolacadh agus le Probháid |
| 9 Aibreán | Cruinniú leis an Dlí-Chumann maidir le nithe rialála |
| 11 Aibreán | D'oscail ÚRSD comhairliúchán poiblí ar an *bPlean Straitéiseach 2025-2028 ó ÚRSD* |
| 24 Aibreán | Foilsíodh an chéad tuarascáil leathbhliantúil ar *Láimhseáil Neamhspleách Gearán* don bhliain 2025 faoi alt 73 den Acht |
| 30 Aibreán | Cuireadh *Tuarascáil Bhliantúil ÚRSD* don bhliain 2024 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus Thithe an Oireachtais |
| 30 Aibreán | Cuireadh an tuarascáil bhliantúil *'Pathways to the Professions'* don bhliain 2024 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus Thithe an Oireachtais |
| 2 Bealtaine | Bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le Eversheds maidir le nithe rialála |
| 7 Bealtaine | Rinne an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ionadaíocht do ÚRSD ag imeacht comhchéime de chuid an Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid (AMLA) ag an mBanc Ceannais |
| 13 Bealtaine | Foilsíodh an chéad tuarascáil leathbhliantúil ar an dul chun cinn maidir le *Deireadh a Chur le Bacainní* don bhliain 2025 |
| 14 Bealtaine | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht forbartha gairmiúla leanúnaí ag an seimineár Gréasáin de chuid Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath maidir le probháid agus cáin |
| 21 Bealtaine | Eisíodh Fógraí Measúnachta Tobhaigh don bhliain tobhaigh 2024 |
| 22 Bealtaine | D'fhreastail foireann ÚRSD ar an Lá Foirne Uile i mBaile Átha Cliath |
| 27 Meitheamh | Foilsíodh Treoirnóta d'Abhcóidí maidir le Rochtain Dhíreach |
| 12 Meitheamh | An 46ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 13 Meitheamh | Cruinniú leis an Dlí-Chumann maidir le nithe rialála |
| 17 Meitheamh | Bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le baill foirne agus le coimisinéirí ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí in Éirinn chun plé a dhéanamh ar réimsí d'athchóiriú an dlí |
| 19 Meitheamh | D'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Fhóram na bPríomhfheidhmeannach i mBéal Feirste, agus ionadaíocht á déanamh do ÚRSD |
| 26 Meitheamh | Foilsíodh *Tuarascáil Bhliantúil 2024* ó ÚRSD |

AGUISÍN 1

| Dáta | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|
| 3 Iúil | An tríú cruinniú de chuid an Ghrúpa Oibre Cur Chun Feidhme um *Dheireadh a Chur le Bacainní* |
| 10 Iúil | Foilsíodh an tuarascáil bhliantúil *'Pathways to the Professions'* don bhliain 2024. |
| 2 Meán Fómhair | Cruinniú de chuid an Choiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí |
| 5 Meán Fómhair | An 47ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 10 Meán Fómhair | Foilsíodh an dara tuarascáil leathbhliantúil ar *Láimhseáil Neamhspleách Gearán* don bhliain 2025 faoi alt 73 den Acht |
| 11 Meán Fómhair | Cuireadh an dara hathbhreithniú reachtúil ar oibriú an Achta um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, faoi bhráid Thithe an Oireachtais, de bhun alt 61(b) den Acht |
| 12 Meán Fómhair | Cuireadh an dara tuarascáil leathbhliantúil ar an dul chun cinn maidir le *Deireadh a Chur le Bacainní* don bhliain 2025 faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce |
| 12 Meán Fómhair | D'imigh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD |
| 17 Meán Fómhair | D'fhreastail an Ceann ar an Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta ar an bhFóram Taighde ar an gCeartas |
| 22 Meán Fómhair | Thug an Ceann ar an Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta láithreoireacht ar Láimhseáil Neamhspleách Gearán don Fhoghrúpa Dea-Chleachtais um Thithíocht do Chách, agus díriú á leagan ar Thíolacadh |
| 24 Meán Fómhair | Foilsíodh an dara tuarascáil leathbhliantúil ar an dul chun cinn maidir le *Deireadh a Chur le Bacainní* don bhliain 2025 |
| 30 Meán Fómhair | Foilsíodh an dara hathbhreithniú reachtúil ar oibriú an Achta um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 |
| 9 Deireadh Fómhair | An ceathrú cruinniú de chuid an Ghrúpa Oibre Cur Chun Feidhme um *Dheireadh a Chur le Bacainní* |
| 10 Deireadh Fómhair | Soláthraíodh tairiscint le haghaidh saineolaí chun an Creat Inniúlachtaí Náisiúnta a fhorbairt |
| 15 Deireadh Fómhair | Bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach leis an gCoiste um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil |
| 20-22 Deireadh Fómhair | D'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach ar Chomhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, 2025, i Hong Cong, agus labhair sé lena linn |
| 22 Deireadh Fómhair | Thug an Ceann Gníomhach ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach modúl ar Eitic agus Iompar d'aturnaetha faoi oiliúint sa Dlí-Chumann |
| 28 Deireadh Fómhair | Thug an Ceann Gníomhach ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach láithreoireacht do Choiste Treorach agus Eitice an Dlí-Chumainn |
| 30 Deireadh Fómhair | Cruinniú leis an Dlí-Chumann maidir le nithe rialála |
| 6 Samhain | D'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach ar chomhdháil bhliantúil Chumann Onórach Óstaí an Rí (Comhdháil Bhliantúil: Dúshláin agus Deiseanna) mar chomhalta den phainéal "Buail leis an Rialálaí" |

AGUISÍN 1

| Dáta | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|
| 7 Samhain | Spriocdháta le haghaidh aighneachtaí chun an Creat Inniúlachtaí Náisiúnta a fhorbairt |
| 20 Samhain | D'fhreastail baill foirne ÚRSD ar an 'Siompóisiam ar Chonarthaí Oiliúna Aturnaetha san Earnáil Phoiblí' de chuid Dhlí-Chumann na hÉireann |
| 20 Samhain | Thug an Ceann Gníomhach ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach láithreoireacht ag an imeacht forbartha gairmiúla leanúnaí de chuid Dhlí-Chumann na hÉireann dar teideal 'An tEolas is Deireanaí ar an gCleachtas Ginearálta – Cill Chainnigh 2025' |
| 20 Samhain | Cruinniú Rialachais leis an Roinn Dlí agus Cirt |
| 24 Samhain | Tháinig an Coiste um Thithíocht do Chách a Chur Chun Feidhme maidir le Tíolacadh agus le Probháid le chéile i dTithe an Rialtais |
| 28 Samhain | Cruinniú de chuid Choiste Alt 16 um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí |
| 3 Nollaig | Foilsíodh *Plean Straitéiseach 2025-2028 ó ÚRSD* |
| 3 Nollaig | Cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca |
| 11 Nollaig | Thug an Ceann Gníomhach ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach láithreoireacht ag an imeacht de chuid Dhlí-Chumann na hÉireann dar teideal 'Achoimre ar Rialáil, 2025' i bPlás Blackhall |
| 12 Nollaig | D'oscail ÚRSD comhairliúchán poiblí ar Bheartais na Gairme Dlí maidir le Glacadh |



An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Legal Services Regulatory Authority


## Údarás Rialála Seirbhísí Dlí

Ríomhphost: lsra-inbox@lsra.ie

Suíomh Gréasáin: www.lsra.ie

Twitter/X: @LSRAIreland

LinkedIn: @LSRA